Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2025/0222(COD)

11.5.2026

TUAIRIM

ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

chuig an gCoiste um Chultúr agus um Oideachas

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Erasmus+ le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888
(COM(2025)0549 – C10-0170/2025 – 2025/0222(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Nela Riehl

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Tá Erasmus+ ar cheann de na cláir is claochlaithí de chuid an Aontais, agus athraítear leis saol daoine trí shoghluaisteacht foghlama, obair dheonach agus rannpháirtíocht shibhialta. Cuireann tuairim EMPL gné riachtanach shóisialta agus saothair leis an togra ón gCoimisiún, lena dtreisítear cuimsitheacht an chláir, a urraim d'obair chuibhiúil, agus a ábharthacht do shaol na fostaíochta, gan cur isteach ar an ngné iomlánaíoch oideachais a fhágann go bhfuil Erasmus+ thar a bheith luachmhar.

I. An tOideachas Iomlánaíoch mar Bhuncloch faoin Infhostaitheacht

Baineann breisluach lárnach Erasmus+ leis an méid a fhorbraíonn sé lasmuigh de scileanna foirmiúla: inoiriúnaitheacht, inniúlacht idirchultúrtha, cumas teanga, smaointeoireacht chriticiúil agus an cumas oibriú i dtimpeallachtaí éagsúla. Is iad sin go díreach na hinniúlachtaí is tábhachtaí i margadh saothair ina bhfuil IS agus uirlisí digiteacha ag cur gnáthchúraimí as áit ar bhonn níos minice. Tugann Erasmus+ na scileanna do dhaoine nach féidir a mhacasamhlú le meaisíní.

Dá bhrí sin, leagtar amach i dtuairim EMPL rannchuidiú an chláir le hinfhostaitheacht tríd an lionsa sin. Níor cheart Erasmus+ a chúngú ina shásra seachadta scileanna; is é an neart atá aige daoine fíor-ilfheidhmeacha a bhfuil dearcadh oscailte acu a tháirgeadh. Neartaíodh an cuspóir sonrach maidir leis an oideachas chun an dá ról sin a léiriú: tacú le forbairt phearsanta iomlánaíoch agus freagairt do riachtanais mhargadh an tsaothair ag an am céanna, go háirithe trí scileanna boga a chothú a bheidh níos cinntithí ná riamh i ré na digiteála.

II. Daoine ar lú na deiseanna atá acu: Íosmhéid 20 % a chur i leataobh

D'ainneoin dul chun cinn, tá daoine ar lú na deiseanna atá acu fós faoi ghannionadaíocht shuntasach sa chlár. Tugtar isteach leis an tuairim ciste íosta ceangailteach de 20 % den imchlúdach airgeadais iomlán a chuirfear i leataobh agus a bheidh tiomnaithe dá rannpháirtíocht, mar aon le tacaíocht airgeadais spriocdhírithe, cúnamh tithíochta, réamh-mhaoiniú agus cumhdach iomlán na gcostas soghluaisteachta iarbhír. Ní mór cuimsiú a leabú trí dhearadh ar fud ghníomhaíochtaí uile an chláir agus níor cheart pionós a ghearradh riamh ar iarratas sa phróiseas meastóireachta mar gheall ar chostais chuimsiúcháin.

III. Saorálaíocht: Luach Saoránach, Seachas Obair Gan Íocaíocht

Tá gá le cosaint dhaingean chun an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach a chomhtháthú in Erasmus+: níor cheart obair dheonach a chur in ionad fostaíocht íoctha riamh. Treisítear leis an tuairim an t-idirdhealú idir obair dheonach agus fostaíocht, lena n-éilítear comhaontú i scríbhinn, comhpháirt láidir foghlama, agus toirmeasc sainráite ar obair dheonach a úsáid in ionad post nó tréimhsí oiliúna.

IV. Múinteoirí, Oiliúnóirí agus Oideoirí mar Iolraitheoirí

Is iolraitheoirí iad baill foirne oideachais: múinteoir a ghlacann páirt i ngníomhaíocht soghluaisteachta, tugann sé inniúlachtaí agus líonraí nua ar ais chuig pobal scoile iomlán. Tugtar aghaidh sa tuairim ar an tearcthosaíocht stairiúil a thugtar do shoghluaisteacht foirne trína cheangal go n-aithneofaí í mar am oibre agus mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, agus go gcuirfí tacaíocht athsholáthair, teanga agus inrochtaineachta ar fáil. Ba cheart Acadaimh Múinteoirí Erasmus+ a neartú, agus ba cheart eagraíochtaí múinteoirí agus

ceardchumainn a bheith rannpháirteach i rialachas an chláir. Ní mór feabhas a chur ar na coinníollacha maidir le soghluaisteacht fhadtéarmach foirne, lena n-áirítear inaistritheacht tuarastail agus sochair shóisialta.

V. An tSochaí Shibhialta agus Eagraíochtaí Óige mar Phríomh-Chomhpháirtithe agus Gníomhaithe Beartais

Ní hamháin gur modhanna seachadta don chlár iad eagraíochtaí óige agus gníomhaithe na sochaí sibhialta. Is gníomhaithe beartais iad a bhfuil saineolas agus dlisteanacht acu nach féidir le gníomhaithe institiúideacha a mhacasamhlú. Aithnítear go sainráite sa tuairim gur comhpháirtithe bunriachtanacha iad eagraíochtaí faoi stiúir na hóige i ndearadh, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht Erasmus+, agus neartaítear an ceanglas maidir le hidirphlé struchtúrtha leis an tsochaí shibhialta agus leis na comhpháirtithe sóisialta. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar eagraíochtaí pobail agus ar eagraíochtaí ar mionscála i leithdháileadh deontas, agus an clár a choinneáil oscailte i ndáiríre dóibh siúd is gaire do na pobail a bhfuil sé d'aidhm aige a bhaint amach.

VII. Intuarthacht an Bhuiséid: Trí Chaibidil Earnála

In éagmais línte buiséid tiomnaithe, tá an baol ann go mbeidh earnálacha in iomaíocht le chéile ó thaobh teimhneachta de, rud a chuirfeadh gníomhaithe níos lú agus gníomhaithe pobail faoi mhíbhuntáiste. Tugtar isteach an athuair sa tuairim trí chaibidil thiomnaithe maidir leis an mbuiséad: oideachas agus oiliúint, an óige, agus an spórt. Neartaíonn sé sin trédhearcacht, cuntasacht agus slándáil na pleanála do thairbhithe, léiríonn sé creataí beartais sonracha gach réimse, agus tugann sé cosaint ar iomaíocht idir-earnála neamhtháirgiúil. Ní mór sannadh buiséid sainráite in aghaidh na hearnála a áireamh sna cláir oibre, rud a thabharfaidh an intuarthacht a theastaíonn ó eagraíochtaí le haghaidh pleanáil fhadtéarmach.

LEASUITHE

Cuireann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta in iúl don Choiste um Chultúr agus um Oideachas, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Ní mór don Aontas tacú lena phobail agus iad a ullmhú, ó aois óg, leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá chun go n-éireoidh leis an bhfoghlaim, leis an obair agus leis an saol. Chun é sin a chumasú, ní mór don Aontas córais oideachais agus oiliúna ***a fheidhmiú, atá solúbtha, nuálach*** agus ***cuimsitheach, atá in ann tallann a***	(1) Ní mór don Aontas tacú lena phobail agus iad a ullmhú, ó aois óg, leis an eolas, na scileanna agus ***na dearcthaí arb ionann iad le chéile agus*** na hinniúlachtaí is gá chun go n-éireoidh leis an bhfoghlaim, leis an obair agus leis an saol. Chun é sin a chumasú, ní mór don Aontas ***agus dá Bhallstáit a áirithiú go dtacóidh*** córais oideachais agus oiliúna

chothú, a mhealladh agus a choinneáil, coinneáil suas le luas agus raon feidhme na gclaochluithe leanúnacha sochaíocha, digiteacha, comhshaoil agus eacnamaíocha, freagairt do na dúshláin dhéimeagrafacha ***agus do riachtanais scileanna na sochaí agus an gheilleagair***, bearnaí scileanna a líonadh agus ***riachtanais tionscail in earnálacha criticiúla a shásamh***.

ardcháilíochta agus ***chuimsitheacha le gach mac léinn agus foghlaimeoir***, coinneáil suas le luas agus raon feidhme na gclaochluithe leanúnacha sochaíocha, digiteacha, comhshaoil agus eacnamaíocha, freagairt do na dúshláin dhéimeagrafacha, bearnaí scileanna a líonadh agus ***tacú le foghlaimeoirí na hinniúlachtaí is gá a fhorbairt don fhás pearsanta agus gairmiúil, don tsaoránacht ghníomhach agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil, agus go gcosnóidh na geallsealbhóirí ábhartha uile fostaíocht ardcháilíochta agus inbhuanaithe, dálaí oibre cuibhiúla, urraim do chearta saothair agus do chomhaontuithe comhchoiteanna, agus comhtháthú fadtéarmach sóisialta agus críochach***. ***Cuirtear i bhfios go láidir sa tuarascáil ar thodhchaí iomaíochas na hEorpa[1a]***, ***chun rannpháirtíocht a leathnú go suntasach agus chun dul i bhfeidhm ar gach duine óg ar fud an Aontais, gur ghá cistiú chlár Erasmus+ a mhéadú go mór.***

_____

1a

https://commission.europa.eu/topics/competitiveness/draghi-report_en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an deis ag gach duine, beag beann ar a gcúlra pearsanta, sóisialta, eacnamaíoch nó cultúrtha, páirt a ghlacadh in eispéireas soghluaisteachta thar lear ó aois óg, nuair a chruthaítear luachanna agus dearcthaí agus nuair is mó a bhíonn daoine aonair sásta eispéiris agus tionchair nua a fháil. Is féidir le nochtadh luath do thimpeallachtaí, do chultúir, do theangacha agus do bhealaí beatha éagsúla cuidiú le steiréitíopaí a bhriseadh síos, tuiscint idirchultúrtha a

Leasú

(4) Tá sé ríthábhachtach ***go spreagfar gach duine agus*** go mbeadh an deis ag gach duine, beag beann ar a gcúlra pearsanta, sóisialta, eacnamaíoch nó cultúrtha ***agus a n-áit chónaithe agus gan neamhionannais shocheacnamaíocha a threisiú ná rochtain mhíchothrom a chruthú,*** páirt a ghlacadh in eispéireas soghluaisteachta thar lear ó aois óg, nuair a chruthaítear luachanna agus dearcthaí agus nuair is mó a bhíonn daoine aonair sásta eispéiris agus tionchair nua a fháil. Is féidir

chur chun cinn, agus luachanna an mheasa, na caoinfhulaingthe agus na dlúthpháirtíochta a chothú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hEoraip níos aontaithe agus níos comhchuí.	le nochtadh luath do thimpeallachtaí, do chultúir, do theangacha agus do bhealaí beatha éagsúla cuidiú le steiréitíopaí a bhriseadh síos, tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn, agus luachanna an mheasa, na caoinfhulaingthe agus na dlúthpháirtíochta a chothú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hEoraip níos aontaithe agus níos comhchuí. ***Chun rochtain ar chomhionannas deiseanna a chomhdhlúthú, ní mór soghluaisteacht foghlama a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí de gach aois ionas go bhforbrófar cultúr foghlama ar feadh an tsaoil. I gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 dar teideal 'An Eoraip ag Gluaiseacht' - Deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách' agus a sprioc do dhaoine aonair ar lú na deiseanna atá acu, chomh maith lena chuspóirí méadú suntasach a dhéanamh ar sciar na gcéimithe ardoideachais agus na bhfoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna a thairbhíonn de shoghluaisteacht foghlama, le leithdháileadh acmhainní airgeadais agus le tabhairt isteach sásraí cistiúcháin, ba cheart for-rochtain éifeachtach ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu agus cuimsiú daoine ar lú na deiseanna atá acu a áirithiú, go háirithe iad siúd nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna), ar minic a dhéantar neamhaird orthu le bearta cuimsithe ginearálaithe. Ní mór athmheastóireacht a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais don iompar. Ní mór í a choigeartú de réir achair, ach freisin de réir inrochtaineacht airgeadais agus gheografach, ionas go mbeidh rochtain ag gach duine ar thaisteal, gan beann ar a n-áit imeachta.***

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Chun sochaithe cuimsitheacha, comhtháite agus athléimneacha a thógáil, agus ***iomaíochas*** an Aontais a chothú, ní mór infheistíocht a dhéanamh i ndeiseanna foghlama do chách, gan beann ar chúlra ná ar acmhainn, trí chomhar idir na Ballstáit agus eagraíochtaí atá gníomhach sa réimse, agus i bhforbairt beartas nuálaíoch sna réimsí maidir le hoideachais agus oiliúint, an óige agus spórt. Rannchuidíonn infheistíocht den sórt sin freisin le féiniúlacht Eorpach, le cearta agus luachanna bunúsacha agus le hAontas níos daonlathaí a neartú.	(5) Chun sochaithe cuimsitheacha, comhtháite agus athléimneacha a thógáil, agus ***rathúnas*** an Aontais a chothú, ní mór infheistíocht a dhéanamh i ndeiseanna foghlama ***agus oiliúna*** do chách, gan beann ar chúlra ná ar acmhainn, trí chomhar idir na Ballstáit agus eagraíochtaí atá gníomhach sa réimse, agus i bhforbairt beartas nuálaíoch sna réimsí maidir le hoideachais agus oiliúint, an óige agus spórt ***mar réimsí leasa phoiblí***. Rannchuidíonn infheistíocht den sórt sin freisin le féiniúlacht Eorpach, le cearta agus luachanna bunúsacha agus le hAontas níos daonlathaí a neartú.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) Mar chuid d'Aontas an Chomhionannais, tabharfaidh an Clár aghaidh ar dhifríochtaí i ndáil le rochtain agus úsáid i measc grúpaí faoi ghannionadaíocht, go háirithe iad siúd a bhfuil bacainní socheacnamaíocha, geografacha, bacainní a bhaineann le míchumas nó bacainní struchtúracha eile rompu, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, leis an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, leis an Straitéis um Chomhionannas LADTIA+, le Straitéis Frithchiníochais an Aontais 2026-2030, agus le Creat Straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach agus le Treoirlínte an Aontais maidir le Cosantóirí Chearta an Duine. I gcomhréir leis an Treochlár um Chearta na mBan agus leis an Straitéis maidir le Comhionannas Inscne, rannchuideoidh an Clár freisin le comhdheiseanna a chur

	chun cinn ar fud réimsí an oideachais agus na hoiliúna.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) I gcomhréir le Straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta[3], ba cheart ullmhacht, athléimneacht, rannpháirtíocht sa saol daonlathach agus rannpháirtíocht shibhialta a chothú trí chur chuige ón mbun aníos, lena spreagfaí eagraíochtaí agus institiúidí chun ról lárnach a bheith acu maidir le ***litearthacht dhigiteach,*** litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a chothú, agus maidir le rannpháirtíocht shibhialta agus foghlaim faoin daonlathas agus faoin tsaoránacht a chur chun cinn. Ní mór do dhaoine agus do phobail ar fud an Aontais páirt ghníomhach a ghlacadh chun géarchéimeanna a chosc agus chun a bheith ullmhaithe a ndóthain chun freagairt dóibh.	(6) I gcomhréir le Straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta[3], ba cheart ullmhacht, athléimneacht, rannpháirtíocht sa saol daonlathach agus rannpháirtíocht shibhialta a chothú trí chur chuige ón mbun aníos, ***lena n-áirítear trí fhostaíocht ardcháilíochta, sláinte agus sábháilteacht cheirde, agus cosaint oibrithe agus saoránach atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí oideachais, óige agus spóirt,*** lena spreagfaí eagraíochtaí agus institiúidí chun ról lárnach a bheith acu maidir le litearthacht sna meáin dhigiteacha ***agus litearthacht dhaonlathach*** agus smaointeoireacht chriticiúil ***agus eiticiúil*** a chothú, rannpháirtíocht shibhialta agus foghlaim faoin daonlathas***, faoi luachanna Eorpacha*** agus faoin tsaoránacht Eorpach a chur chun cinn. Ní mór do dhaoine agus do phobail ar fud an Aontais páirt ghníomhach a ghlacadh chun géarchéimeanna a chosc agus chun a bheith ullmhaithe a ndóthain chun freagairt dóibh.
[3] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta (Join/2025/130 final)).	[3] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta (Join/2025/130 final)).

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Léiríonn réimsí gníomhaíochta agus cuspóirí coiteanna idir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2021–2027 agus cláir Erasmus+ an fhéidearthacht maidir le sineirgíocht fheabhsaithe agus comhleanúnachas rialála. Trí gach deis soghluaisteachta foghlama, saorálaíochta, comhair agus saoránachta gníomhaí a thabhairt le chéile, soláthraítear pointe iontrála aonair do na deiseanna uile a chuireann an tAontas ar fáil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige, rud a fhágann gur féidir cur chuige níos comhordaithe agus níos éifeachtaí a bheith ann, agus rochtain níos éasca do rannpháirtithe agus tairbhithe féideartha.	(7) Léiríonn réimsí gníomhaíochta agus cuspóirí coiteanna idir an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach 2021–2027 agus cláir Erasmus+ an fhéidearthacht maidir le sineirgíocht fheabhsaithe agus comhleanúnachas rialála. Trí gach deis soghluaisteachta foghlama, saorálaíochta, comhair agus saoránachta gníomhaí a thabhairt le chéile, soláthraítear pointe iontrála aonair do na deiseanna uile a chuireann an tAontas ar fáil do dhaoine óga***, do bhaill foirne ábhartha*** agus d'eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige, rud a fhágann gur féidir cur chuige níos comhordaithe agus níos éifeachtaí a bheith ann, ***agus soiléireacht maidir le stádas fostaíochta, cearta agus cosaintí do rannpháirtithe, d'oibrithe deonacha agus don fhoireann lena mbaineann á háirithiú,*** agus rochtain níos éasca do rannpháirtithe agus tairbhithe féideartha.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Sa chomhthéacs seo, tá sé riachtanach Erasmus+ 2028–2034, Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint agus i réimsí na hóige agus an spóirt freisin (an 'Clár'), a bhunú mar chlár a thiocfaidh i gcomharbas ar Chlár Erasmus+ 2021–2027[4] agus ar Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh[5], lena gcuimsítear gníomhaíochtaí i réimse an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt agus lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil.	(8) Sa chomhthéacs seo, tá sé riachtanach Erasmus+ 2028–2034, Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint agus i réimsí na hóige agus an spóirt freisin (an 'Clár'), a bhunú mar chlár a thiocfaidh i gcomharbas ar Chlár Erasmus+ 2021–2027[4] agus ar Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh[5], lena gcuimsítear gníomhaíochtaí i réimse an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt agus lena mbunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil. ***Le comhtháthú an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh sa Chlár, níor cheart go mbainfí an bonn de phrionsabail na dlúthpháirtíochta, na saorálaíochta agus na rannpháirtíochta***

sibhialta atá mar shaintréith de, agus ba cheart leanúnachas, inrochtaineacht agus cáilíocht a áirithiú, go háirithe do dhaoine óga ar lú na deiseanna atá acu agus d'eagraíochtaí pobail a chuireann gníomhaíochtaí saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta chun feidhme. Is cuid lárnach den rannpháirtíocht shibhialta do dhaoine de gach aois iad gníomhaíochtaí saorálaíochta agus dlúthpháirtíochta agus ba cheart iad a aithint agus tacú leo mar dheiseanna luachmhara foghlama agus rannpháirtíochta. Ba cheart do na gníomhaíochtaí sin leanúint de bheith éagsúil go soiléir ó fhostaíocht fhoirmiúil agus ó thréimhsí oiliúna foirmiúla, agus cuspóir uathúil agus breisluach na saorálaíochta á gcaomhnú ag an am céanna.

[4] Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt (IO L 189, 28.5.2021).

[5] Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh (IO L 202, 8.6.2021).

[4] Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um an spórt (IO L 189, 28.5.2021).

[5] Rialachán (AE) 2021/888 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh (IO L 202, 8.6.2021).

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) ***I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil níos solúbtha agus le cláir chaiteachais an Aontais. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí*** chlár Erasmus+, ba	(9) ***Leis an gcistiú don*** chlár Erasmus+, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad ***i rúin ó Pharlaimint na hEorpa, i gconclúidí ón gComhairle agus*** i ndoiciméid ábhartha

cheart breithniú cuí a dhéanamh ***sa chistiú*** ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear iad i ndoiciméid ábhartha arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, ***i gconclúidí ón gComhairle agus i rúin ó Pharlaimint na hEorpa,*** agus intuarthacht ***leordhóthanach á háirithiú do chur*** chun feidhme an bhuiséid.	arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún, agus intuarthacht ***a áirithiú maidir le cur*** chun feidhme an bhuiséid. ***Chun a áirithiú go sroichfidh an Clár go héifeachtach iad siúd a bhfuil na bacainní is mó ar rannpháirtíocht rompu, ba cheart sciar suntasach den imchlúdach airgeadais a thiomnú do thacaíocht a thabhairt do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear trí thacaíocht airgeadais spriocdhírithe, sásraí cistiúcháin oiriúnaithe agus bearta cur chun feidhme cuimsitheacha. Tá cur chuige den sórt sin riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúracha, chun éagothromaíochtaí socheacnamaíocha a chosc i dtaca le rochtain ar shoghluaisteacht agus chun a áirithiú go gcuirfidh an Clár le comhtháthú sóisialta agus le comhdheiseanna ar fud an Aontais.***

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) Is infheistíocht chomhlántach de chuid an Aontais é Erasmus+ agus níor cheart é a fhorléiriú mar rogha mhalartach ar infheistíocht phoiblí inbhuanaithe san oideachas ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart an Clár a chur chun feidhme ar bhealach a threisíonn buiséid éifeachtúla oideachais phoiblí agus a thacaíonn le cur chun feidhme iomlán Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe an ceart chun oideachais, oiliúna agus foghlama ar feadh an tsaoil.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Ba cheart don Chlár tacú le cur chun feidhme Aontas na Scileanna[6] agus na gcreataí straitéiseacha foriomlána le haghaidh chomhar beartais an Aontais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear na cláir oibre beartais don oideachas scoile, don ardoideachas, don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint agus don fhoghlaim aosach, lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú, chun go mbeidh saoránaigh in ann inniúlachtaí agus scileanna a fhorbairt ag gach céim dá saol chun go mbeidh rath orthu sa tsochaí.	(10) Ba cheart don Chlár ***díriú go láidir agus go sainráite ar shoghluaisteacht foghlama mar bhun-bhreisluach an Chláir. Leis an gcistiú, ba cheart tacaíocht chobhsaí intuartha a áirithiú do ghníomhaíochtaí soghluaisteachta, rud a chumasódh rannpháirtíocht leathan. Ba cheart don Chlár*** tacú ***freisin*** le cur chun feidhme ***an Limistéir Eorpaigh Oideachais lena n-áirítear*** Aontas na Scileanna[6] agus na gcreataí straitéiseacha foriomlána le haghaidh chomhar beartais an Aontais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear na cláir oibre beartais don oideachas scoile, don ardoideachas, don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint agus don fhoghlaim aosach, ***agus foghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil,*** lena n-áirítear uas-sciliú agus athsciliú, chun go mbeidh saoránaigh in ann inniúlachtaí agus scileanna a fhorbairt ag gach céim dá saol chun go mbeidh rath orthu sa tsochaí. ***Ba cheart don Chlár cur chuige idirdhisciplíneach a choinneáil. Leis an gClár, ba cheart tacú go sainráite leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint agus leis an bhfoghlaim obairbhunaithe, ós rud é go bhfuil na conairí sin fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna agus chun iomaíochas a neartú. Chuige sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le comhpháirtíochtaí comhair lena n-éascaítear rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide mar eagraíochtaí óstacha don fhoghlaim obairbhunaithe agus don tsoghluaisteacht, agus é á áirithiú ag an am céanna go rachaidh an tacaíocht airgeadais chun tairbhe do na daoine aonair a thugann faoin tsoghluaisteacht agus go rannchuidíonn eagraíochtaí rannpháirteacha go hiomchuí le cuspóirí agus gníomhaíochtaí an Chláir.***

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Aontas na Scileanna (COM/2025/90 final).

[6] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Aontas na Scileanna (COM/2025/90 final).

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) I gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh[7], leis an gClár Oibre Eorpach don Obair Óige[8] agus le Teachtaireacht 2024 maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022[9], ba cheart don Chlár tacú le rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga agus eagraíochtaí óige i gcinnteoireacht agus i gceapadh beartas, i bpríomhshruthú na hóige ar fud na réimsí beartais, i mbailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, in obair óige ardcháilíochta agus i bhforbairt inniúlachta oibrithe óige. Leanfaidh an clár de thacaíocht a thabhairt do gach duine óg chun páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama agus sa tsoghluaisteacht foghlama seachfhoirmiúla, lena n-áirítear malartuithe ógra agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige, agus é mar chuspóir rannpháirtíocht daoine óga a mhealladh agus a chumhachtú chun inniúlachtaí a shealbhú agus a fhorbairt don saol agus dá dtodhchaí ghairmiúil, a bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus páirt a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha, daonlathach agus polaitiúil, agus iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach agus rannchuidiú le hAontas cuimsitheach, ***iomaíoch*** agus athléimneach a thógáil.	(11) I gcomhréir le Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh[7], leis an gClár Oibre Eorpach don Obair Óige[8] agus le Teachtaireacht 2024 maidir le hoidhreacht Bhliain Eorpach na hÓige 2022[9], ba cheart don Chlár tacú le rannpháirtíocht fhóinteach daoine óga agus eagraíochtaí óige i gcinnteoireacht agus i gceapadh beartas, i bpríomhshruthú na hóige ar fud na réimsí beartais, i mbailíochtú na foghlama seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, in obair óige ardcháilíochta agus i bhforbairt inniúlachta oibrithe óige. Leanfaidh an clár de thacaíocht a thabhairt do gach duine óg, ***do bhaill foirne ábhartha agus d'eagraíochtaí*** chun páirt a ghlacadh sa tsoghluaisteacht foghlama agus sa tsoghluaisteacht foghlama seachfhoirmiúla, lena n-áirítear malartuithe ógra agus gníomhaíochtaí rannpháirtíochta óige, agus é mar chuspóir rannpháirtíocht daoine óga a mhealladh agus a chumhachtú chun inniúlachtaí a shealbhú agus a fhorbairt don saol agus dá dtodhchaí ghairmiúil, a bheith ina saoránaigh ghníomhacha agus páirt a ghlacadh sa saol eacnamaíoch, sóisialta, cultúrtha, daonlathach agus polaitiúil, agus iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach agus rannchuidiú le hAontas cuimsitheach, ***rathúil*** agus

athléimneach a thógáil. ***Méadaíonn eagraíochtaí óige, go háirithe eagraíochtaí faoi stiúir na hóige, an tionchar sin trí rannpháirtíocht fhóinteach na hóige a chothú, trí ghníomhú mar nasc idir daoine óga agus institiúidí, lena n-áirithítear go léirítear a ndearcthaí saineolacha i ndearadh, i gcur chun feidhme agus i meastóireacht an Chláir.***

---

[7] Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le creat don chomhar Eorpach i réimse na hóige: Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh 2019–2027 (IO C 456, ST/14944/2018/INIT, 18.12.2018).

[8] Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an gCreat chun Clár Oibre Eorpach don Obair Óige 2020/C 415/01 a bhunú (IO C 415, 1.12.2020).

[9] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Bliain Eorpach na hÓige 2022 (COM/2024/1 final, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/en/txt/?uri=celex:52024dc0001)

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a) I gcomhréir le Dearbhú Herning maidir le Gairmoideachas agus Gairmoiliúint atá tarraingteach agus cuimsitheach le haghaidh iomaíochas méadaithe agus poist ardcháilíochta

	2026-2030 agus leis an Moladh ón gComhairle an 13 Bealtaine 2024 dar teideal 'An Eoraip ag Gluaiseacht - Deiseanna soghluaiseachta foghlama do chách', ba cheart go rannchuideodh an Clár le feabhas a chur ar tharraingteacht an oideachais ghairme agus na hoiliúna (VET) agus ar phaireacht mheasa leis an oideachas acadúil ginearálta. Go háirithe, ba cheart saintréithe sonracha an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a chur san áireamh sa Chlár chun cuidiú le sprioc soghluaisteachta gairmoideachais agus gairmoiliúna 2030 de 12 % a bhaint amach.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11b) Leis an gClár, ba cheart rannchuidiú le hidirphlé Eorpach maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint a chothú i gcomhthéacs na straitéise Eorpaí gairmoideachais agus gairmoiliúna atá ar na bacáin, go háirithe maidir le comhpháirtithe sóisialta, d'fhonn comhthuiscint ar cháilíocht sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint a fhorbairt. Le linn an idirphlé sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail fad na gclár, ról an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna tosaigh mar bhonn d'oiliúint bhreise agus leanúnach, comhar idir cuideachtaí scoile agus stádas dlíthiúil agus luach saothair printíseach agus foghlaimeoirí.

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Ba cheart don Chlár ***tacú*** le rannpháirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp do chách, i gcomhréir le Plean Oibre an Aontais don Spórt 2024–2027[10]***. Dá bhrí sin, is gá díriú, go háirithe, ar*** spóirt an phobail, agus an ról tábhachtach a bhíonn ag an spórt maidir le stíleanna maireachtála sláintiúla, caidreamh idirphearsanta, cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn chomh maith le pobail chomhtháite a thógáil á gcur san áireamh.	(12) Ba cheart don Chlár ***rannchuidiú*** le rannpháirtíocht sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp do chách, i gcomhréir le Plean Oibre an Aontais don Spórt 2024–2027[10]***. Tabharfar tosaíocht sa Chlár do thionscadail*** spóirt an phobail ***a rannchuidíonn le cuimsiú sóisialta agus le hinfhostaitheacht, go háirithe trí chonairí déghairmeacha***, agus an ról tábhachtach a bhíonn ag an spórt maidir le stíleanna maireachtála sláintiúla, caidreamh idirphearsanta, cuimsiú sóisialta agus comhionannas a chur chun cinn chomh maith le pobail chomhtháite a thógáil á gcur san áireamh.
[10] Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (1 Iúil 2024 — 31 Nollaig 2027), (IO C, C/2024/3527, 3.6.2024).	[10] Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (1 Iúil 2024 — 31 Nollaig 2027), (IO C, C/2024/3527, 3.6.2024).

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Leis an gclaochlú digiteach, tá athrú tagtha ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar le tionchar síormhéadaitheach ar an saol laethúil agus léiríodh go bhfuil gá le leibhéil níos airde ullmhachta digití agus acmhainneachta san oideachas agus san oiliúint chomh maith leis an ngéarghá atá le forbairt scileanna digiteacha do chách ar fud an Aontais.	(13) Leis an gclaochlú digiteach, tá athrú tagtha ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar le tionchar síormhéadaitheach ***teicneolaíochtaí digiteacha agus na hIntleacht Saorga*** ar an saol laethúil agus léiríodh go bhfuil gá le leibhéil níos airde ullmhachta digití agus acmhainneachta san oideachas agus san oiliúint chomh maith leis an ngéarghá atá le forbairt scileanna digiteacha do chách ar fud an Aontais. ***Leis an gClár, ba cheart tacú le forbairt bunscileanna digiteacha don 44 % de dhaonra an Aontais nach bhfuil na scileanna sin acu, agus borradh a chur***

	faoi fhorbairt inniúlachtaí digiteacha i dtimpeallachtaí foghlama foirmiúla, seachfhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla. Tá bunscileanna digiteacha ríthábhachtach don infhostaitheacht agus don fhorbairt phearsanta araon, don rannpháirtíocht dhaonlathach agus don chuimsiú sóisialta ar feadh an tsaoil.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag gné idirnáisiúnta an Chláir deiseanna a chur ar fáil maidir le soghluaisteacht foghlama, comhar agus idirphlé beartais le tríú tíortha nach comhpháirtithe sa Chlár iad, ag tógáil ar thaithí na gclár a bhí ann roimhe sin, lena n-áirítear rannchuidiú le ***hiomaíochas*** an Aontais, agus cosaint leasanna slándála eacnamaíche an Aontais á ***háirithiú*** ag an am céanna. Chun tionchar na ngníomhaíochtaí sin a mhéadú, tá sé tábhachtach sineirgí idir an Clár agus an Eoraip Dhomhanda a fheabhsú, agus méadú an Aontais, an Straitéis Global Gateway agus na creataí beartais oideachais agus oiliúna, óige agus spóirt á gcur san áireamh.	(15) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag gné idirnáisiúnta an Chláir ***níos mó*** deiseanna a chur ar fáil maidir le soghluaisteacht foghlama, comhar agus idirphlé beartais le tríú tíortha nach comhpháirtithe sa Chlár iad, ag tógáil ar thaithí na gclár a bhí ann roimhe sin, lena n-áirítear rannchuidiú le ***dul chun cinn sóisialta agus nuálaíocht chuimsitheach, comhpháirtíochtaí, rannpháirtíocht saoránach, dlúthpháirtíocht dhomhanda agus iomaíochas*** an Aontais, agus cosaint leasanna slándála eacnamaíche ***agus eolais*** an Aontais ***agus urraim dá luachanna*** á ***n-áirithiú*** ag an am céanna. Chun tionchar na ngníomhaíochtaí sin a mhéadú, tá sé tábhachtach sineirgí idir an Clár agus an Eoraip Dhomhanda a fheabhsú, agus méadú an Aontais, an Straitéis Global Gateway agus na creataí beartais oideachais agus oiliúna, óige agus spóirt á gcur san áireamh. ***Leis an gcomhar sin, ba cheart córais chuimsitheacha foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn ar fud an domhain freisin, lena n-áirítear aitheantas frithpháirteach don fhoghlaim sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, lena n-áirítear foghlaim a rinneadh roimhe seo.***

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Ba cheart don Chlár tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a thabhairt níos gaire don sprioc atá acu aontú don Aontas. Ba cheart don Chlár cobhsaíocht, comhpháirtíochtaí agus forbairt scileanna a chur chun cinn, le tíortha sa chomharsanacht máguaird, lena n-áirítear trí naisc le réigiún na Meánmhara a fheabhsú. Trí chomhar le tíortha eile ar fud an domhain, ba cheart don Chlár freisin ***daoine tréitheacha a mhealladh ar fud an domhain, agus*** comhpháirtíochtaí a mhúnlú, ***go háirithe chun iomaíochas*** an Aontais ***a chur chun cinn***. Ba cheart don Chlár tacú le tíortha a n-institiúidí agus a n-eagraíochtaí a nuachóiriú agus, ar bhonn níos ginearálta, cáilíocht agus cuimsitheacht an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt a fheabhsú trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta.	(16) Ba cheart don Chlár tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha a thabhairt níos gaire don sprioc atá acu aontú don Aontas. Ba cheart don Chlár cobhsaíocht, comhpháirtíochtaí agus forbairt scileanna a chur chun cinn, le tíortha sa chomharsanacht i gcoitinne, lena n-áirítear trí naisc le réigiún na Meánmhara a fheabhsú***, ar bhealach a thacaíonn le comhtháthú sóisialta, le cóineasú sóisialta aníos agus le córais oideachais phoiblí agus córais óige a neartú***. Trí chomhar le tíortha eile ar fud an domhain, ba cheart don Chlár comhpháirtíochtaí a mhúnlú, ***chomh maith le malartú mac léinn, foghlaimeoirí fásta agus ball foirne atá ag obair san oideachas agus san oiliúint agus dul chun cinn sóisialta agus nuálaíocht chuimsitheach*** an Aontais***, agus ag an am céanna soghluaisteacht chothrom agus chiorclach d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne a chur chun cinn, dumpáil shóisialta a sheachaint agus soghluaisteacht chothrom agus cosaint shóisialta leordhóthanach a áirithiú d'fhoghlaimeoirí, d'oibrithe agus do shaorálaithe***. Ba cheart don Chlár tacú le tíortha a n-institiúidí agus a n-eagraíochtaí a nuachóiriú agus, ar bhonn níos ginearálta, cáilíocht agus cuimsitheacht an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt a fheabhsú trí chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta***, agus luachanna an Aontais, cearta an duine, saoirse acadúil agus caighdeáin idirnáisiúnta saothair á n-urramú go hiomlán***. Le beartais atá dírithe ar thallann a mhealladh agus a choinneáil, níor cheart neamhshláine fostaíochta, iomaíocht iomarcach ná conraitheoireacht ghearrthéarmach a threisiú in earnálacha an oideachais agus***

an taighde. Chun comhionannas substainteach a bhaint amach, ní mór aghaidh a thabhairt ar neamhionannais maidir le rochtain ar fhostaíocht chobhsaí, ar dheiseanna oiliúna agus ar dhul chun cinn gairme, go háirithe do mhná, do dhaoine faoi mhíchumas, d'imircigh agus d'oibrithe óga.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Ba cheart cur chun feidhme an Chláir a bheith bunaithe ar phrionsabail agus luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas agus ar an smacht reachta, agus ar an dlúthpháirtíocht, mar a chumhdaítear faoi seach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus dá dtagraítear i mbrollach Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go n-urramóidh na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis an gClár na prionsabail agus na luachanna sin. Ba cheart don Chlár freisin urraim a thabhairt do na prionsabail a leagtar amach i dTreoirlínte 2017 de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh a Chur chun Cinn agus a Chosaint agus in Airteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus straitéisí maidir le hAontas an Chomhionannais.	(17) Ba cheart cur chun feidhme an Chláir a bheith bunaithe ar phrionsabail agus luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas agus ar an smacht reachta, agus ar an dlúthpháirtíocht, mar a chumhdaítear faoi seach in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus dá dtagraítear i mbrollach Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go n-urramóidh na páirtithe uile a bhfuil baint acu leis an gClár na prionsabail agus na luachanna sin. Ba cheart don chlár ***rannchuidiú le cur chun cinn agus cosaint na gceart a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe in Airteagal 8 (cosaint sonraí pearsanta), Airteagal 11 (saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil), Airteagal 13 (saoirse na n-ealaíon agus na n-eolaíochtaí, lena n-áirítear saoirse acadúil), Airteagal 14 (an ceart chun oideachais), Airteagal 15 (saoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh), Airteagail 20 agus 21 (comhionannas agus neamh-idirdhealú), Airteagal 22 (éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga), Airteagal 23 (comhionannas idir mná agus fir), Airteagal 24 (cearta an linbh), Airteagal 26 (cearta daoine faoi mhíchumas), Airteagal 31 (dálaí oibre***

cothroma agus córa), Airteagal 33 (saol an teaghlaigh agus an saol gairmiúil), agus Airteagail 39 go 46 (cearta saoránach) di. Ba cheart don Chlár freisin urraim a thabhairt do na prionsabail a leagtar amach i dTreoirlínte 2017 de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le Cearta an Linbh a Chur chun Cinn agus a Chosaint agus in Airteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus straitéisí maidir le hAontas an Chomhionannais. ***Níor cheart aon chiste de chuid an Aontais a leithdháileadh ar eintitis ná ar ghníomhaíochtaí a bhaineann an bonn ón tsaoirse acadúil, ó chearta saothair, ón neamh-idirdhealú, ná ó na cearta a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha (do dhaoine faoi mhíchumas, d'imircigh agus do dhídeanaithe). Ba cheart d'eagraíochtaí agus d'údaráis bhainistíochta a áirithiú go n-urramóidh na rannpháirtithe agus na tairbhithe na luachanna thuasluaite. Leis an gClár, ba cheart rannchuidiú le tacú le prionsabal rialachas daonlathach na gcóras oideachais agus na n-institiúidí oideachais agus oiliúna trí ráthaíocht a thabhairt i leith cheart na mac léinn agus na foirne iad féin a eagrú agus trí idirphlé sóisialta agus comhaontuithe comhchoiteanna a urramú. Ba cheart rochtain ar an gClár a bheith coinníollach ar na cearta, na luachanna agus na prionsabail sin a bheith á n-urramú ag na tairbhithe. Thairis sin, ba cheart dlúthbhaint a bheith ag comhpháirtithe sóisialta agus geallsealbhóirí eile i réimse an bheartais oideachais agus oiliúna le cur chun feidhme an Chláir.***

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Ba cheart leis an gClár deiseanna inrochtana, cuimsitheacha agus sábháilte a chur ar fáil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí chun dlúthpháirtíocht a léiriú, cabhrú leo tacú le pobail agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, agus taithí agus scileanna luachmhara ***á bhfáil*** san am céanna dá bhfás pearsanta agus dá ***n-infhostaitheacht***.	(19) Ba cheart leis an gClár deiseanna inrochtana, cuimsitheacha agus sábháilte a chur ar fáil do dhaoine óga agus d'eagraíochtaí chun dlúthpháirtíocht a léiriú, cabhrú leo tacú le pobail agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha, agus taithí agus scileanna luachmhara ***a chur ar fáil dóibh*** san am céanna dá bhfás pearsanta agus dá ***bhforbairt ghairmiúil***.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19a) Ba cheart aird ar leith a thabhairt sa chlár ar dhaoine óga atá ina gcónaí i limistéir thuaithe, i réigiúin ina bhfuil míbhuntáistí struchtúracha, i limistéir trasteorann, sna réigiúin is forimeallaí agus i dtíortha agus críocha thar lear a ndéanann an dídhaonrú difear dóibh. Chuige sin, spreagfar leis tionscnaimh lena gcuirtear chun cinn forbairt scileanna, fiontraíocht agus cruthú deiseanna eacnamaíocha sna réigiúin sin, lena rannchuidítear le comhtháthú críochach a neartú agus lena n-áirithítear gur féidir le daoine óga rogha a dhéanamh fanacht agus a bpleananna saoil a fhorbairt ina bpobail bhaile.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(19b) Ba cheart aird ar leith a thabhairt sa chlár ar dhaoine óga atá ina gcónaí i

	limistéir thuaithe, i réigiúin ina bhfuil míbhuntáistí struchtúracha, i limistéir trasteorann, sna réigiúin is forimeallaí agus i dtíortha agus críocha thar lear a ndéanann an dídhaonrú difear dóibh. Chuige sin, spreagfar leis tionscnaimh lena gcuirtear chun cinn forbairt scileanna, fiontraíocht agus cruthú deiseanna eacnamaíocha sna réigiúin sin, lena rannchuidítear le comhtháthú críochach a neartú agus lena n-áirithítear gur féidir le daoine óga rogha a dhéanamh fanacht agus a bpleananna saoil a fhorbairt ina bpobail bhaile.

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21a) Cuireann an tsaorálaíocht, lena n-áirítear in eagraíochtaí cosanta sibhialta agus freagartha éigeandála, amhail seirbhísí comhraic dóiteáin agus seirbhísí tarrthála, go mór le hathléimneacht agus comhtháthú sóisialta na hEorpa. Leis an gClár, ba cheart tacú le deiseanna soghluaisteachta foghlama agus oiliúna atá inrochtana d'oibrithe deonacha agus d'eagraíochtaí atá gníomhach sna réimsí sin, go háirithe chun ullmhacht trasteorann, dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht an phobail a neartú.

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Ba cheart leanúint de sheans a thabhairt do dhaoine óga, go háirithe iad siúd ar lú na deiseanna atá acu, eispéireas céaduaire a bheith acu ag taisteal ar fud na	(22) Ba cheart leanúint de sheans a thabhairt do dhaoine óga, go háirithe iad siúd ar lú na deiseanna atá acu, eispéireas céaduaire a bheith acu ag taisteal ar fud na

hEorpa mar chuid de ghníomhaíocht oideachasúil sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, arb é is aidhm di a mbraistint muintearais leis an Aontas a chothú agus cur ar a gcumas dóibh léargas a fháil ar an éagsúlacht chultúrtha agus teanga a bhaineann leis.	hEorpa mar chuid de ghníomhaíocht oideachasúil sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, arb é is aidhm di a mbraistint muintearais leis an Aontas a chothú agus cur ar a gcumas dóibh léargas a fháil ar an éagsúlacht chultúrtha agus teanga a bhaineann leis. ***Ba cheart é sin a éascú trí thacaíocht airgeadais spriocdhírithe lena gcumhdaítear fíorchostais mhaireachtála, lena n-áirítear riachtanais tithíochta, iompair, cúraim sláinte agus inrochtaineachta. Ba cheart an Clár a oibriú ar bhealach lena n-áirithítear comhdheiseanna do gach duine óg incháilithe.***

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) I réimse an spóirt, trí dheiseanna soghluaisteachta agus fothú acmhainneachta, lena n-áirítear comhar, ba cheart leis an gClár luachanna coiteanna Eorpacha, saorálaíocht, agus forbairt nuálaíochta agus scileanna a chothú sa spórt agus tríd an spórt. Ba cheart leis an gClár dea-rialachas, sábháilteacht agus ionracas sa spórt, agus taidhleoireacht spóirt a chur chun cinn, tacú le heagraíochtaí spóirt an phobail, chomh maith le deis a thabhairt do dhaoine óga ar fud na hEorpa páirt a ghlacadh i dtionscnaimh spóirt trasteorann, lena gcothófar fás pearsanta, malartú cultúrtha, dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht an phobail.	(23) I réimse an spóirt, trí dheiseanna soghluaisteachta agus fothú acmhainneachta, lena n-áirítear comhar, ba cheart leis an gClár luachanna coiteanna Eorpacha, saorálaíocht, agus forbairt nuálaíochta agus scileanna a chothú sa spórt agus tríd an spórt. Ba cheart leis an gClár dea-rialachas, sábháilteacht agus ionracas sa spórt, agus taidhleoireacht spóirt a chur chun cinn, tacú le heagraíochtaí spóirt an phobail, chomh maith le deis a thabhairt do dhaoine óga ar fud na hEorpa páirt a ghlacadh i dtionscnaimh spóirt trasteorann, lena gcothófar fás pearsanta, malartú cultúrtha, dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht an phobail. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt sa réimse sin ar chuimsiú foghlaimeoirí ar lú na deiseanna atá acu agus foghlaimeoirí faoi mhíchumas fisiciúil agus meabhrach.***

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Cuireann an Clár go mór ***le hAontas*** na Scileanna ***agus leis an Limistéar Eorpach Oideachais***, lena leagtar síos an bonn chun scileanna agus inniúlachtaí a fhoirmiú ar feadh an tsaoil agus lena soláthraítear fíorspás coiteann d'oideachas ar ardchaighdeán agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil thar theorainneacha. Is é is aidhm d'Aontas na Scileanna dlús a chur leis na hiarrachtaí chun oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a bhaint amach trí bhunscileanna agus ardscileanna a sholáthar, deiseanna a chur ar fáil do dhaoine scileanna nua atá dírithe ar an todhchaí a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus scileanna nua atá dírithe ar an todhchaí a shealbhú, cúrsaíocht scileanna agus earcaíocht arna déanamh ag gnólachtaí ar fud an Aontais a éascú, agus na daoine is mó tallann a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil san Eoraip. I gcomhréir le hAontas na Scileanna, ba cheart don Chlár tábhacht an oideachais fiontraíochta agus na litearthachta airgeadais a léiriú freisin.	(24) Cuireann an Clár go mór ***leis an Limistéar Eorpach Oideachais, lena n-áirítear Aontas*** na Scileanna, lena leagtar síos an bonn chun scileanna agus inniúlachtaí a fhoirmiú ar feadh an tsaoil agus lena soláthraítear fíorspás coiteann d'oideachas ar ardchaighdeán agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil thar theorainneacha. Is é is aidhm d'Aontas na Scileanna ***eolas a fháil agus*** dlús a chur leis na hiarrachtaí chun oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a bhaint amach trí bhunscileanna agus ardscileanna a sholáthar, deiseanna a chur ar fáil do dhaoine scileanna nua atá dírithe ar an todhchaí a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus scileanna nua atá dírithe ar an todhchaí a shealbhú, cúrsaíocht scileanna agus earcaíocht arna déanamh ag gnólachtaí ar fud an Aontais a éascú, agus na daoine is mó tallann a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil san Eoraip. ***Tá sé d'aidhm aige freisin scileanna saoil a sholáthar atá riachtanach d'athléimneacht daoine agus dá n-acmhainneacht luachanna an Aontais a chur chun cinn amhail an daonlathas, cearta an duine, an dlúthpháirtíocht, an cuimsiú sóisialta agus an éagsúlacht.*** I gcomhréir le hAontas na Scileanna, ba cheart don Chlár tábhacht an oideachais fiontraíochta agus na litearthachta airgeadais a léiriú freisin.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(24a) Leis an gClár, ba cheart tacaíocht leordhóthanach a thabhairt d'fhoireann oideachais ar fud na n-earnálacha uile, lena n-áirítear múinteoirí, oiliúnóirí agus oibrithe óige, agus aird ar leith á tabhairt ar ghairm na múinteoireachta mar spriocghrúpa ar leith, trí tharraingteacht na ngairmeacha sin a chur chun cinn, trí acmhainneacht eagraíochtúil fhadtéarmach a neartú, trí aistriú cleachtas nuálach oideachais ar fud na n-earnálacha a áirithiú, agus trí rannchuidiú go fóinteach le cur chun feidhme Chlár Oibre an Aontais do Mhúinteoirí agus d'Oiliúnóirí, lena n-áirítear trí obair Acadaimh Múinteoirí Erasmus+ a threisiú agus trí thacú le forbairt beartais arb é is aidhm di feabhas a chur ar earcú agus ar choinneáil oideoirí agus próifílí foirne san oideachas agus san oiliúint a éagsúlú; ba cheart é a bheith ina rannchuidiú freisin le feabhas a chur ar cháilíocht agus cuimsitheacht an oideachais tosaigh agus na forbartha gairmiúla leanúnaí, rochtain ar shoghluaisteacht a áirithiú mar chomhpháirt aitheanta d'oideachas tosaigh múinteoirí agus d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, lena n-áirítear trí bhearta tacaíochta iomchuí amhail socruithe athsholáthair, treoraíocht maidir le rannpháirtíocht agus aistriú tuarastal agus sochar sóisialta i gcás soghluaisteacht fhadtéarmach, agus rannpháirtíocht eagraíochtaí múinteoirí agus ceardchumann in eagrú tionscadal agus i gcur chun feidhme an Chláir a áirithiú.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) Tá sé tábhachtach rochtain ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar thaighde ar an Aontas, ar luachanna agus ar shaoránacht a spreagadh agus a leathnú. Tá sé thar a bheith tábhachtach muintearas ***agus gealltanas*** Eorpach a chothú ***i bhfianaise*** na ndúshlán atá os comhair an Aontais ***sa lá atá inniu ann***. Ba cheart go leanfadh an Clár de rannchuidiú le foghlaim faoi chúrsaí lánpháirtíochta Eorpaí, lena n-áirítear na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ag an Aontas amach anseo, chun díospóireacht a chur chun cinn ar na hábhair sin agus chun barrfheabhas i léann na lánpháirtíochta Eorpaí a fhorbairt.	(25) Tá sé tábhachtach rochtain ar fhoghlaim, ar theagasc agus ar thaighde ar an Aontas ***Eorpach***, ar ***a*** luachanna ***bunúsacha*** agus ar shaoránacht ***Eorpach*** a spreagadh agus a leathnú. Tá sé thar a bheith tábhacht muintearas Eorpach a chothú***, atá bunaithe ar mheas ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar chearta an duine, agus ar an tiomantas, i gcomhthéacs*** na ndúshlán ***inmheánach agus seachtrach*** atá os comhair an Aontais. Ba cheart go leanfadh an Clár de rannchuidiú le foghlaim faoi chúrsaí lánpháirtíochta Eorpaí, lena n-áirítear na dúshláin agus na deiseanna a bheidh ag an Aontas amach anseo, chun díospóireacht a chur chun cinn ar na hábhair sin agus chun barrfheabhas i léann na lánpháirtíochta Eorpaí a fhorbairt***, rud lena n-áiritheofar go ndéanfar gníomhaíochtaí teagaisc agus taighde a dtacaítear leo faoin gClár faoi choinníollacha lena n-urramaítear cearta fostaíochta na foirne acadúla, cobhsaíocht chonarthach agus saoirse acadúil***.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) Rannchuidíonn foghlaim teangacha le tuiscint fhrithpháirteach idir daoine agus cultúir, agus cothaítear soghluaisteacht laistigh den Aontas agus lasmuigh de, ós rud é gur scileanna bunriachtanacha saoil agus poist iad inniúlachtaí teanga. Dá bhrí sin, leis an gClár ba cheart foghlaim teangacha a fheabhsú, lena n-áirítear teangacha náisiúnta comharthaíochta***, i gcás inarb ábhartha***. Chun rochtain	(26) Rannchuidíonn foghlaim teangacha le tuiscint fhrithpháirteach idir daoine agus cultúir, agus cothaítear soghluaisteacht laistigh den Aontas agus lasmuigh de, ós rud é gur scileanna bunriachtanacha saoil agus poist iad inniúlachtaí teanga. Dá bhrí sin, leis an gClár ba cheart foghlaim teangacha a fheabhsú, lena n-áirítear teangacha náisiúnta comharthaíochta***, formáidí soléite agus teicneolaíochtaí***

leathan chuimsitheach ar an gClár a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-ilteangachas a bheith ina phríomhphrionsabal i gcur chun feidhme an Chláir.

cúnta. Chun rochtain leathan chuimsitheach ar an gClár a áirithiú, tá sé tábhachtach an t-ilteangachas a bheith ina phríomhphrionsabal i gcur chun feidhme an Chláir. ***Ba cheart éagsúlacht teanga a chur chun cinn freisin trí dhálaí oibre cothroma agus trí aitheantas a thabhairt do mhúinteoirí teanga, d'oiliúnóirí agus d'oibrithe cultúrtha a bhfuil baint acu leis an oideachas ilteangach.***

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Tá méadú ag teacht ar an dúshlán atá roimh an Eoraip maidir le freastal ar an éileamh ar ***thallann*** oilte in earnálacha straitéiseacha agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn amhail teicneolaíochtaí glana agus ciorclacha, iompar, fuinneamh, athléimneacht uisce, cúram sláinte, teicneolaíochtaí digiteacha, aeraspás agus cosaint. Chun aghaidh a thabhairt ar an bpríomhriachtanas sin, tá sé ríthábhachtach daoine ***éirimiúla a fhorbairt, a mhealladh agus a choinneáil*** sna réimsí sin. I gcomhréir le hAontas na Scileanna, ba cheart, leis an gClár, i measc nithe eile, tacaíocht a thabhairt do mhic léinn an Aontais staidéar a dhéanamh ***in earnálacha criticiúla den sórt sin*** agus ***an tallann is fearr a mhealladh chun na hEorpa*** trí fheabhas a chur ar tharraingteacht an oideachais agus na hoiliúna agus scoláireachtaí a thairiscint do mhic léinn, lena n-áirítear trí scoláireachtaí Erasmus Mundus. Rannchuideodh sé sin le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais scileanna atá ag an margadh saothair, lena n-áirítear le haghaidh earnálacha atá thíos le ganntanas tromchúiseach foirne.	(27) Tá méadú ag teacht ar an dúshlán atá roimh an Eoraip maidir le freastal ar an éileamh ar ***lucht saothair*** oilte in earnálacha straitéiseacha agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn amhail teicneolaíochtaí glana agus ciorclacha, iompar, fuinneamh, athléimneacht uisce, cúram sláinte, teicneolaíochtaí digiteacha ***agus IS***, aeraspás***, tógáil*** agus cosaint. Chun aghaidh a thabhairt ar an bpríomhriachtanas sin, tá sé ríthábhachtach ***tacú le rochtain*** daoine ***aonair ar oideachas agus oiliúint*** sna réimsí sin. I gcomhréir le hAontas na Scileanna, ba cheart, leis an gClár, i measc nithe eile, tacaíocht a thabhairt do mhic léinn an Aontais staidéar a dhéanamh ***i ngach earnáil*** agus ***d'aon duine ar mian leis staidéar a dhéanamh san Eoraip*** trí fheabhas a chur ar tharraingteacht an oideachais agus na hoiliúna agus scoláireachtaí a thairiscint do mhic léinn, lena n-áirítear trí scoláireachtaí Erasmus Mundus. Rannchuideodh sé sin le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais scileanna atá ag an margadh saothair, lena n-áirítear le haghaidh earnálacha atá thíos le ganntanas tromchúiseach foirne. ***Is gnéithe riachtanacha iad poist ardcháilíochta, pá cothrom, tréimhsí oiliúna a bhfuil luach***

	saothair cothrom ag gabháil leo, cosaint shóisialta agus cómhargáil chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(28) Leis an gcomhar, is féidir cleachtais agus fothú acmhainneachta a mhalartú agus, ar an gcaoi sin, torthaí agus feidhmíocht níos fearr a bhaint, amach chomh maith le gnóthachain éifeachtúlachta trí acmhainní agus eolas a chomhthiomsú. Dá bhrí sin, ba cheart don Chlár tacú le bearta fothaithe acmhainneachta a chuirfidh feabhas ar chomhar ar leibhéil éagsúla idir institiúidí agus eagraíochtaí atá gníomhach i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na n-óige agus an spóirt. Aithnítear leis sin ról lárnach na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí maidir leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhfuil gá leo a thabhairt do dhaoine óga i ndomhan athraitheach agus maidir le cabhrú le hinstitiúidí agus le heagraíochtaí atá gníomhach sa réimse a n-acmhainneacht i ndáil le nuálaíocht, cruthaitheacht agus fiontraíocht a chomhlíonadh go cuí, go háirithe laistigh den gheilleagar digiteach.	(28) Leis an gcomhar, is féidir cleachtais***, nuálaíocht*** agus fothú acmhainneachta a mhalartú agus, ar an gcaoi sin, torthaí agus feidhmíocht níos fearr chomh maith le gnóthachain éifeachtúlachta a bhaint amach trí acmhainní agus eolas a chomhthiomsú. Dá bhrí sin, ba cheart don Chlár tacú le bearta fothaithe acmhainneachta a chuirfidh feabhas ar chomhar ar leibhéil éagsúla idir institiúidí agus eagraíochtaí atá gníomhach i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na n-óige agus an spóirt. Aithnítear leis sin ról lárnach na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí maidir leis an eolas, na scileanna***, na dearcthaí*** agus na hinniúlachtaí a bhfuil gá leo a thabhairt do dhaoine óga i ndomhan athraitheach agus maidir le cabhrú le hinstitiúidí agus le heagraíochtaí atá gníomhach sa réimse a n-acmhainneacht i ndáil le nuálaíocht, cruthaitheacht agus fiontraíocht a chomhlíonadh go cuí, go háirithe laistigh den gheilleagar digiteach. ***I gcomhréir le cuspóirí Aontas na Scileanna, ba cheart don Chlár rannchuidiú le spásanna foghlama pobail a phíolótú, agus ar an gcaoi sin comhar a chothú idir an raon éagsúil páirtithe leasmhara is gá chun an aidhm maidir le spásanna foghlama pobail a phíolótú a bhaint amach.***

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(29) Ba cheart leis an gClár tacú le comhar straitéiseach fadtéarmach ar an leibhéal institiúideach chun barr feabhais***,*** ***iomaíochas*** agus tarraingteacht a chothú agus chun claochlú inbhuanaithe córasach a ghiniúint maidir le heagraíochtaí agus institiúidí óige agus spóirt, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear trí ghníomhú mar ionaid tástála d'ionstraimí nuálacha oideachais, oiliúna agus forbartha scileanna, trí thacú le comhar le gnó agus le hearnáil na tionsclaíochta. Ba cheart leis an gClár leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair na n-institiúidí oideachais agus oiliúna agus na mBallstát chun deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann ar chomhar trasnáisiúnta agus chun an tairiscint maidir le cláir staidéir chomhpháirteacha thrasnáisiúnta a mhéadú, rud a chuirfidh le Céim Eorpach chomhpháirteach[11].	(29) Ba cheart leis an gClár tacú le comhar straitéiseach fadtéarmach ar an leibhéal institiúideach chun barr feabhais agus tarraingteacht a chothú agus chun claochlú inbhuanaithe córasach a ghiniúint maidir le heagraíochtaí agus institiúidí óige agus spóirt, i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais, lena n-áirítear trí ghníomhú mar ionaid tástála d'ionstraimí nuálacha oideachais, oiliúna agus forbartha scileanna, trí thacú le comhar le gnó agus le hearnáil na tionsclaíochta. Ba cheart leis an gClár leanúint de thacaíocht a thabhairt d'obair na n-institiúidí oideachais agus oiliúna agus na mBallstát chun deireadh a chur leis na bacainní atá fós ann ar chomhar trasnáisiúnta ***go háirithe i gcás curaclaim ghairmoideachais agus ghairmoiliúna agus soghluaisteacht mac léinn gairmoideachais agus gairmoiliúna,*** agus chun an tairiscint maidir le cláir staidéir chomhpháirteacha thrasnáisiúnta a mhéadú, rud a chuirfidh le Céim Eorpach chomhpháirteach[11].
[11] Rún ón gComhairle maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirteach agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach fhéideartha: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus faoi tharraingteacht an ardoideachais Eorpaigh. (IO C, C/2025/2939, 22.5.2025).	[11] Rún ón gComhairle maidir le lipéad céime Eorpaí comhpháirteach agus na chéad chéimeanna eile i dtreo céim Eorpach chomhpháirteach fhéideartha: borradh a chur faoi iomaíochas na hEorpa agus faoi tharraingteacht an ardoideachais Eorpaigh. (IO C, C/2025/2939, 22.5.2025).

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(30) Ba cheart leis an gClár tacú le croí-mhisean oideachais Chomhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha chun tionchar	(30) Ba cheart leis an gClár tacú le croí-mhisean oideachais Chomhghuaillíochtaí na nOllscoileanna Eorpacha***, Ionaid Barr***

sistéamach a chumasú a bhainfear amach ar bhealach níos éifeachtúla trí ghníomhaíocht fhadtéarmach ar leibhéal an Aontais, go háirithe chun barr feabhais a threisiú, ilroinnt a laghdú agus tarraingteacht agus cuimsitheacht chórais ardoideachais an Aontais a mhéadú, ionstraimí nuálacha a fhorbairt chun cáilíocht na foghlama agus an teagaisc a mhéadú, scileanna agus inniúlachtaí atá dírithe ar an todhchaí a fhorbairt (amhail IS, cibearshlándáil, inbhuanaitheacht, ***ETIM***), lena n-áirítear na hearnálacha a sainaithníodh cheana san Aontas Scileanna, trí churaclaim ábhartha a sheasfaidh an aimsir, nuálaíocht oideolaíoch, foghlaim ar feadh an tsaoil, micridhintiúir, tallann a chothú agus a mhealladh agus comhar trasnáisiúnta san oideachas a éascú, lena n-áirítear le gnó agus tionscal.

Feabhais Gairme agus Acadaimh Múinteoirí Erasmus+ chun tionchar sistéamach a chumasú a bhainfear amach ar bhealach níos éifeachtúla trí ghníomhaíocht fhadtéarmach ar leibhéal an Aontais, go háirithe chun barr feabhais a threisiú, ilroinnt a laghdú agus tarraingteacht agus cuimsitheacht chórais ardoideachais ***agus chórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna*** an Aontais a mhéadú, ionstraimí nuálacha a fhorbairt chun cáilíocht na foghlama agus an teagaisc a mhéadú, scileanna agus inniúlachtaí atá dírithe ar an todhchaí a fhorbairt (amhail IS, cibearshlándáil, inbhuanaitheacht, ***ETIEM***), lena n-áirítear na hearnálacha a sainaithníodh cheana san Aontas Scileanna, trí churaclaim ábhartha a sheasfaidh an aimsir, nuálaíocht oideolaíoch, foghlaim ar feadh an tsaoil, micridhintiúir ***agus cuntais foghlama aonair***, chun tallann a chothú agus a mhealladh agus comhar trasnáisiúnta san oideachas a éascú, lena n-áirítear le gnó agus tionscal.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(30a) Leis an gClár, ba cheart leanúint de thacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí Jean Monnet, a chuireann barr feabhais chun cinn sa teagasc agus sa taighde maidir le lánpháirtiú Eorpach, a chothaíonn eolas faoin Aontas agus faoina fheidhmiú, agus a rannchuidíonn le féiniúlacht Eorpach, saoránacht ghníomhach agus rannpháirtíocht dhaonlathach a neartú. Ba cheart don Choimisiún ceanglais faireacháin agus tuairiscithe atá leormhaith, trédhearcach agus simplí a chur ar bun chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí, dul chun cinn, spriocanna feidhmíochta agus breisluach

Institiúidí Ainmnithe Jean Monnet, ar cheart dóibh a stádas agus a ndearcadh neamhbhrabúis a choinneáil ar bun agus a bheith cuntasach agus trédhearcach i gcónaí. Ba cheart faireachán agus tuairisciú den sórt sin a dhéanamh le linn an chláir agus ar bhonn ex-post.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Is féidir le hardáin agus uirlisí ar líne um chomhar fíorúil atá áisiúil don úsáideoir ról tábhachtach a bheith acu maidir le tacú le soláthar an oideachais agus na hoiliúna agus an bheartais óige san Aontas agus níos faide i gcéin. Chun úsáid gníomhaíochtaí um chomhair fhíorúil a mhéadú, ba cheart leis an gClár tacú le húsáid níos córasaí agus níos comhleanúnaí ardán ar líne. Ba cheart leis freisin próisis soghluaisteachta a éascú agus tacú leo tríd an digitiú.	(32) Is féidir le hardáin agus uirlisí ar líne um chomhar fíorúil atá áisiúil don úsáideoir ról tábhachtach a bheith acu maidir le tacú le soláthar an oideachais agus na hoiliúna agus an bheartais óige san Aontas agus níos faide i gcéin. Chun úsáid gníomhaíochtaí um chomhair fhíorúil a mhéadú, ba cheart leis an gClár tacú le húsáid níos córasaí agus níos comhleanúnaí ardán ar líne. Ba cheart dó freisin próisis soghluaisteachta a éascú agus tacú leo tríd an digitiú ***agus inrochtaineacht na bpróiseas sin a áirithiú d'iarratasóirí faoi mhíchumas ag an am céanna***. ***Ba cheart dó tacú go leanúnach freisin le hardáin agus uirlisí ar líne a fhorbairt trí shásra struchtúrach a ionchorprú le haghaidh aiseolas ó úsáideoirí, ionas go mbeidh siad saincheaptha chun freastal ar na réaltachtaí ar an láthair agus ar na riachtanais maidir le simpliú.***

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 33

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(33) Ba cheart an Clár a dhearadh chun cuimsiú, éagsúlacht agus comhdheiseanna a chur chun cinn trí rochtain ar shoghluaisteacht, ar shaorálaíocht agus ar	(33) Ba cheart an Clár a dhearadh chun cuimsiú, éagsúlacht agus comhdheiseanna a chur chun cinn trí rochtain ar shoghluaisteacht ***inbhuanaithe***, ar

fhoghlaim a leathnú ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin, rud a chuirfeadh ar chumas gach duine tairbhe iomlán a bhaint as eispéireas claochlaitheach.

shaorálaíocht agus ar fhoghlaim a leathnú ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin, rud a chuirfidh ar chumas gach duine tairbhe iomlán a bhaint as eispéireas claochlaitheach***, agus aird ar leith á tabhairt ar neamhionannais struchtúracha a bhaineann le cúlra socheacnamaíoch, suíomh geografach, lena n-áirítear ceantair thuaithe agus iargúlta, míchumas, freagrachtaí cúraim agus bacainní eacnamaíocha***.

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 34

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(34) Ba cheart leis an gClár foráil a dhéanamh maidir le sraith beart chun rochtain do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú agus a mhéadú, chun deireadh a chur leis na bacainní a d'fhéadfadh rochtain den sórt sin a chosc, lena n-áirítear rochtain airgeadais, agus chun fónamh mar bhonn do threoir bhreise maidir le cur chun feidhme. Áirítear ar na bearta sin, i measc nithe eile, tacaíocht airgeadais spriocdhírithe, formáidí foghlama inrochtana, tacaíocht tithíochta, gníomhaíochtaí ullmhúcháin agus tacaíocht do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu roimh a rannpháirtíocht sa Chlár, lena linn agus ina dhiaidh, doiciméid sholáimhsithe agus inrochtana atá ar fáil i dteangacha éagsúla, gníomhaíochtaí tacaíochta do bhaill foirne a bhíonn ag déileáil go sonrach le cuimsiú agus éagsúlacht in eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta i measc rannpháirtithe ionchasacha ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus iargúlta. Ina theannta sin, leis an gClár, ba cheart go mbeifí in ann tosaíocht a thabhairt sa phróiseas chun deontais a dhámhachtain do thionscadail ardcháilíochta lena dtugtar aghaidh go	(34) Ba cheart leis an gClár foráil a dhéanamh maidir le sraith beart chun rochtain do dhaoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú agus a mhéadú, chun deireadh a chur leis na bacainní a d'fhéadfadh rochtain den sórt sin a chosc, lena n-áirítear rochtain airgeadais, agus chun fónamh mar bhonn do threoir bhreise maidir le cur chun feidhme. Áirítear ar na bearta sin, i measc nithe eile, tacaíocht airgeadais spriocdhírithe***, lena gcuirtear san áireamh an difríocht idir costais iarbhír mhaireachtála agus chothaithe***, formáidí foghlama inrochtana, tacaíocht tithíochta, gníomhaíochtaí ullmhúcháin agus tacaíocht do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu roimh a rannpháirtíocht sa Chlár, lena linn agus ina dhiaidh, doiciméid sholáimhsithe agus inrochtana atá ar fáil i dteangacha éagsúla, gníomhaíochtaí tacaíochta do bhaill foirne a bhíonn ag déileáil go sonrach le cuimsiú agus éagsúlacht in eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta i measc rannpháirtithe ionchasacha ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear i gceantair thuaithe***, oileáin*** agus iargúlta. Ina theannta sin, leis an gClár, ba cheart tosaíocht a a thabhairt sa phróiseas chun deontais a dhámhachtain do

gníomhach ar chuimsiú agus ar rannpháirtíocht rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu.	thionscadail ardcháilíochta lena dtugtar aghaidh go gníomhach ar chuimsiú agus ar rannpháirtíocht rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu ***agus cistiú leordhóthanach agus cobhsaíocht na mbeart sin á n-áirithiú***.

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 35

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(35) Chun an Clár a dhéanamh níos inrochtana d'eagraíochtaí nuathagtha agus d'eagraíochtaí ar lú a n-acmhainneacht riaracháin agus chun an Clár a dhéanamh níos inláimhsithe do thairbhithe, ba cheart leis an gClár na bearta chun nósanna imeachta a shimpliú ag gach céim a threisiú.	(35) Chun an Clár a dhéanamh níos inrochtana d'eagraíochtaí nuathagtha agus d'eagraíochtaí ar lú a n-acmhainneacht riaracháin agus chun an Clár a dhéanamh níos inláimhsithe do thairbhithe, ba cheart, leis an gClár, na bearta chun nósanna imeachta a shimpliú ***agus a dhigitiú*** ag gach céim a threisiú***, agus tacaíocht á háirithiú ag an am céanna lena gcuirfear ar chumas gach eagraíochta incháilithe, gan beann ar a méid, páirt éifeachtach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí an Chláir, agus é á áirithiú ag an am céanna nach laghdófar leis an simpliú inrochtaineacht do sholáthraithe oideachais neamhfhoirmiúil agus seachfhoirmiúla, pobalbhunaithe agus aosaigh***.

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) I bhfianaise éagsúlacht na réimsí a chumhdaítear leis an gClár, ba cheart an uaillmhian don óige agus don spórt rannchuidiú go fóinteach le cuspóirí an Chláir agus lena spriocghrúpaí a bhaint amach a choinneáil ar bun.	(37) I bhfianaise éagsúlacht na réimsí a chumhdaítear leis an gClár, ba cheart an uaillmhian don óige agus don spórt rannchuidiú go fóinteach le cuspóirí an Chláir agus lena spriocghrúpaí a bhaint amach a choinneáil ar bun ***agus a dhéanamh oibríochtúil trí thrédhearcacht bhuiséadach shoiléir agus trí línte buiséid***

	tiomnaithe de chuid an Aontais le haghaidh (1) oideachas agus oiliúna, (2) na hóige agus (3) an spóirt. Neartaíonn infheictheacht bhuiséadach den sórt sin trédhearcacht, cuntasacht agus slándáil pleanála do thairbhithe, is léiriú í ar chreataí beartais ar leith agus spriocghrúpaí gach earnála, agus tacaíonn sí le cur i bhfeidhm éifeachtach straitéisí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear Straitéis Óige an Aontais Eorpaigh agus an Éirim Eorpach sa spórt. Cuidíonn sí freisin le hiomaíocht neamhtháirgiúil idir earnálacha a sheachaint, áirithítear léi go mbeidh an Clár cothrom agus inrochtana i gcónaí, agus cosnaítear léi carachtar sóisialta agus oideachasúil na hoibre óige agus an spóirt phobail, chomh maith le dálaí oibre réasúnta don fhoireann agus do na hoibrithe deonacha atá páirteach.

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais.	(38) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12] maidir leis an gClár seo. Leagtar síos leis na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais***, ar cheart iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhréireach agus i gcomhréir iomlán le cuspóirí sóisialta agus cuimsithe an Chláir***.
[12] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó	[12] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024).

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024).

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 40

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(40) Chun na ceanglais ar thairbhithe a shimpliú, ba cheart úsáid a bhaint a mhéid is féidir as roghanna costais simplithe i bhfoirm cnapshuimeanna, costas aonaid agus rátaí comhréidhe. Ba cheart ***a chur*** san áireamh ***sna costais*** mhaireachtála agus chothaithe sa tír óstaí roghanna costais simplithe chun tacú le soghluaisteacht foghlama faoin gClár***. I gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, ba cheart*** na Ballstáit ***a spreagadh leis*** na deontais sin a dhíolmhú ó aon cháin ***agus*** tobhach sóisialta; ba cheart caitheamh le deontais a dhámhann eintitis dhlítheanacha phoiblí nó phríobháideacha do dhaoine aonair ar an mbealach céanna.	(40) Chun na ceanglais ar thairbhithe a shimpliú, ba cheart úsáid a bhaint a mhéid is féidir as roghanna costais simplithe i bhfoirm cnapshuimeanna, costas aonaid agus rátaí comhréidhe***, ar choinníoll go bhfuil siad bunaithe ar mhodheolaíochtaí soiléire, trédhearcacha agus fianaise-bhunaithe***. Ba cheart ***go gcuirfí fíorchostas na soghluaisteachta*** san áireamh ***agus liúntais taistil,*** mhaireachtála agus chothaithe ***á sainiú*** sa tír óstaí roghanna costais simplithe chun tacú le soghluaisteacht foghlama faoin gClár, ***chun cruatan airgeadais, bochtaineacht i measc daoine atá ag obair nó rochtain mhíchothrom bunaithe ar chúlra socheacnamaíoch a chosc. Moltar do*** na Ballstáit na deontais sin a dhíolmhú ó aon cháin ***nó*** tobhach sóisialta***, chun rochtain chomhionann, cuimsiú sóisialta nó dálaí maireachtála cuibhiúla do rannpháirtithe a chur chun cinn***; ba cheart caitheamh le deontais a dhámhann eintitis dhlítheanacha phoiblí nó phríobháideacha do dhaoine aonair ar an mbealach céanna. ***Sa bhreis ar liúntais taistil, mhaireachtála agus chothaithe, ba cheart don Chlár tacú le hinaistritheacht nó cúiteamh tuarastal agus sochar sóisialta rannpháirtithe i gcás inarb infheidhme. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás na soghluaiseachta fadtéarmaí.***

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(42) I gcomhréir le hAirteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart leis an gClár staid shainiúil na réigiún is forimeallaí dá dtagraítear san Airteagal sin a chur san áireamh, lena n-áirítear bearta chun a rannpháirtíocht sa Chlár a éascú.	(42) I gcomhréir le hAirteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart, leis an gClár, staid shainiúil na réigiún is forimeallaí dá dtagraítear san Airteagal sin a chur san áireamh, lena n-áirítear bearta chun a rannpháirtíocht sa Chlár a éascú ***ó thaobh airgeadais de agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin bhreise shóisialta, fostaíochta agus costas maireachtála atá roimh rannpháirtithe agus tairbhithe sna réigiúin sin***.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) D'fhonn an breisluach is fearr a fháil, scála agus tionchar na n-infheistíochtaí a mhéadú, ba cheart sineirgíochtaí a lorg go háirithe idir an Clár agus ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais, lena n-áirítear trí shásraí cumasúcháin. Ba cheart leis an gClár sineirgí a lorg freisin lena neartaítear an comhar idir ***an t-oideachas agus an*** earnáil phríobháideach.	(45) D'fhonn an breisluach is fearr a fháil, scála agus tionchar na n-infheistíochtaí a mhéadú, ba cheart sineirgíochtaí a lorg go háirithe idir an Clár agus ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais***, amhail Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE), an Ciste Eorpach um Iomaíochas, Fís Eorpach, AgoraEU, agus na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí,*** lena n-áirítear trí shásraí cumasúcháin. Ba cheart leis an gClár sineirgí a lorg freisin lena neartaítear an comhar idir ***córais oideachais agus oiliúna agus geallsealbhóirí eile atá gníomhach san*** earnáil phríobháideach***, laistigh de na pobail ina n-oibríonn institiúidí oideachais agus oiliúna agus sa tríú hearnáil, ar choinníoll go n-urramaíonn an comhar sin leas an phobail, saoirse acadúil agus caighdeáin saothair, agus nach mbeidh tionchar míchuí tráchtála***

	ná fostaíocht fhorbhásach mar thoradh air.

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 47 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(47a) Tá ról bunúsach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcur chun feidhme agus i rath an Chláir. Is neart mór de Erasmus+ í bainistíocht dhílárathe trí ghníomhaireacht náisiúnta amháin nó níos mó, rud a chumasaíonn gaireacht do thairbhithe, for-rochtain do nuatheachtaithe agus d'eagraíochtaí beaga, agus breithniú éifeachtach ar éagsúlacht réigiúnach, chultúrtha agus teanga, lena n-áirítear i réigiúin teorann. Sna Ballstáit sin a n-éilíonn a struchtúir bhunreachtúla nó rialachais é, ba cheart an fhéidearthacht níos mó ná gníomhaireacht náisiúnta amháin a ainmniú a choinneáil ar bun, ós rud é go dtacaíonn sé le cur i gcrích éifeachtúil clár, go dtreisíonn sé cuimsiú agus tionchar áitiúil, agus go gcaomhnaíonn sé carachtar pobail an Chláir.

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 48

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(48) Ba cheart go mbainfeadh an Clár leas as acmhainneacht iar-rannpháirtithe sa Chlár Erasmus+ agus go dtacódh sé le gníomhaíochtaí gaolmhara trí iad a spreagadh chun an Clár a chur chun cinn.	(48) Ba cheart go mbainfeadh an Clár leas as acmhainneacht iar-rannpháirtithe sa Chlár Erasmus+ agus go dtacódh sé le gníomhaíochtaí gaolmhara trí iad a spreagadh chun an Clár a chur chun cinn***, gan foireann íoctha ná gníomhaíochtaí for-rochtana gairmiúla a ionadú***.

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(49) Ba cheart bearta a dhéanamh chun bainistiú an Chláir a chuíchóiriú agus chun barainneachtaí scála a bhaint amach, lena n-áirítear trí ***líon*** na ngníomhaireachtaí náisiúnta ***a theorannú agus a laghdú***.	(49) Ba cheart bearta a dhéanamh chun bainistiú an Chláir a chuíchóiriú agus chun barainneachtaí scála a bhaint amach, lena n-áirítear trí ***thacaíocht theicniúil, acmhainní, oiliúint agus comhordú a sholáthar chun a áirithiú go ndéanfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta agus feidhmiúcháin uile an Clár a chur chun feidhme go comhsheasmhach agus go comhleanúnach agus ar choinníoll nach mbeidh meath ar cháilíocht na seirbhíse, gaireacht laghdaithe do thairbhithe, caillteanais post ná dálaí fostaíochta forbhásacha mar thoradh ar na bearta sin. Ní bhainfidh bearta den sórt sin an bonn ó inrochtaineacht, ó fhor-rochtain ná ó acmhainneacht oibríochtúil*** na ngníomhaireachtaí náisiúnta***, ná ón tacaíocht a thugtar ar leibhéal ar bith d'eagraíochtaí agus do thairbhithe, lena n-áirítear eagraíochtaí pobail***.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 51

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(51) Chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar sa réimse beartais ábhartha agus ionas go bhféadfar tús a chur leis an gcur chun feidhme ó thús CAI 2028–2034, ba cheart an Rialachán seo teacht i bhfeidhm agus feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2028.	(51) Chun leanúnachas a áirithiú maidir le tacaíocht a sholáthar sa réimse beartais ábhartha***, chun cur isteach a sheachaint a d'fhéadfadh drochthionchar a imirt ar rannpháirtithe nó ar thairbhithe agus ar a bhfoireann,*** agus ionas go bhféadfar tús a chur leis an gcur chun feidhme ó thús CAI 2028 go 2034, ba cheart an Rialachán seo teacht i bhfeidhm agus feidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2028. ***Leis an aistriú, ba cheart tús áite a thabhairt do leanúnachas na tacaíochta do thairbhithe agus do***

	rannpháirtithe, go háirithe dóibh siúd ar lú na deiseanna atá acu, níor cheart moill a chur ar an gcistiú agus ba cheart iarmhairtí diúltacha don fhostaíocht, don leanúnachas conarthach agus do dhálaí oibre a sheachaint in eagraíochtaí a chuireann an Clár chun feidhme.

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1– mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Bunaítear leis an Rialachán seo Erasmus+, clár gníomhaíochta an Aontais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna agus freisin i réimsí na hóige agus an spóirt (‘an Clár’) agus leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, a bhuiséad don tréimhse 2028–2034, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar. Bunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil leis an Rialachán seo freisin.	Bunaítear leis an Rialachán seo Erasmus+, clár gníomhaíochta an Aontais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna agus freisin i réimsí na hóige agus an spóirt (‘an Clár’) agus leagtar síos leis cuspóirí an Chláir, a bhuiséad don tréimhse 2028–2034, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha a bhaineann leis an gcistiú sin a sholáthar. Bunaítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil leis an Rialachán seo freisin. ***Rannchuideoidh an Clár le hoideachas, oiliúint, an óige, an spórt agus an tsaorálaíocht mar réimsí a bhaineann le leas an phobail agus cuirfear chun feidhme é ar bhealach a chuireann ceartas sóisialta, comhionannas, obair chuibhiúil agus rannpháirtíocht dhaonlathach chun cinn.***

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) ciallaíonn ‘foghlaimeoir fásta’ duine a d’fhág nó a chríochnaigh an t-oideachas agus an oiliúint tosaigh agus a ghabhann d’fhoghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil***, lena n-áirítear NEET***;	(1) ciallaíonn ‘foghlaimeoir fásta’ duine***, lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEET),*** a d’fhág nó a chríochnaigh an t-oideachas agus an oiliúint tosaigh agus a ghabhann d’fhoghlaim fhoirmiúil,

	sheachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil***, agus é mar aidhm leis tacú, i measc nithe eile, le forbairt phearsanta, saoránacht ghníomhach, cuimsiú sóisialta agus rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta agus inbhuanaithe***;

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ciallaíonn 'foghlaim aosach' aon chineál foghlama foirmiúla, seachfhoirmiúla nó neamhfhoirmiúla do dhaoine fásta, lena gcuimsítear deiseanna le haghaidh forbairt scileanna, ***uas-sciliú*** agus athsciliú ***le haghaidh iomaíochais,*** comhtháthú sóisialta a fheabhsú agus tacú le rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí;	(2) ciallaíonn 'foghlaim aosach' aon chineál foghlama foirmiúla, seachfhoirmiúla nó neamhfhoirmiúla do dhaoine fásta, lena gcuimsítear deiseanna le haghaidh forbairt scileanna, ***lena n-áirítear scileanna sóisialta, chomh maith le huas-sciliú*** agus athsciliú ***chun dul chun cinn pearsanta agus sóisialta agus nuálaíocht chuimsitheach,*** comhtháthú sóisialta a fheabhsú agus tacú le rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí***, lena n-áirítear rochtain ar fhostaíocht ardcháilíochta agus inbhuanaithe, dul chun cinn gairme agus aistrithe i margadh an tsaothair a chur chun cinn***;

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(5a) ciallaíonn 'an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach' tionscnamh an Aontais lena gcuirtear deiseanna ar fáil do dhaoine óga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, saorálaíochta agus rannpháirtíochta pobail, san Aontas agus níos faide i gcéin, a thugann aghaidh ar dhúshláin shochaíocha, chomhshaoil nó dhaonnúla, trína mbeidh na gníomhaíochtaí sin

	neamhbhrabúsach, deonach, trína mbeidh gné láidir foghlama agus shibhialta ag gabháil leo, agus trína rannchuideofar leis an dlúthpháirtíocht, an daonlathas, an tsaoránacht, an comhtháthú sóisialta agus an cuimsiú sóisialta, agus luachanna Eorpacha a neartú;

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) ***Tagraíonn*** ‘an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil’ do ghníomhaíochtaí saorálaíochta lena dtacaítear le hoibríochtaí maidir le cabhair dhaonnúil fhadtéarmach iar-ghéarchéime agus le hoibríochtaí comhair um fhorbairt i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, arb é is aidhm dóibh cúnamh riachtanaisbhunaithe a sholáthar atá dírithe ar fhulaingt an duine a chosc agus a mhaolú, agus dínit mharthanach an duine a chothabháil i gcás géarchéimeanna, agus lena n-áirítear gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh ullmhacht maidir le tubaistí agus laghdú riosca tubaistí a threisiú, fóirithint, athshlánú agus forbairt a nascadh agus rannchuidiú le hathléimneacht agus acmhainneacht pobal leochaileach nó pobal atá thíos le tubaistí a neartú ionas go mbeidh siad in ann déileáil le géarchéimeanna agus téarnamh uathu;	(6) ***ciallaíonn*** ‘an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil’ ***an tionscnamh de chuid an Aontais lena dtugtar deiseanna*** do ***dhaoine tabhairt faoi*** ghníomhaíochtaí saorálaíochta lena dtacaítear le hoibríochtaí maidir le cabhair dhaonnúil fhadtéarmach iar-ghéarchéime agus le hoibríochtaí comhair um fhorbairt i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár, arb é is aidhm dóibh cúnamh riachtanaisbhunaithe a sholáthar atá dírithe ar anró an duine a chosc agus a mhaolú, agus dínit an duine a chaomhnú go marthanach i gcás géarchéimeanna, agus lena n-áirítear gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh ullmhacht maidir le tubaistí agus laghdú riosca tubaistí a threisiú, fóirithint, athshlánú agus forbairt a nascadh agus rannchuidiú le hathléimneacht agus acmhainneacht pobal leochaileach nó pobal atá thíos le tubaistí a neartú ionas go mbeidh siad in ann déileáil le géarchéimeanna agus téarnamh uathu;

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) ciallaíonn ‘daoine ar lú na deiseanna atá acu’ ***daoine, ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta,*** cultúrtha, ***geografacha nó sláinte nó mar gheall ar a gcúlra*** imirceach, ***nó ar chúiseanna amhail*** míchumas ***nó deacrachtaí*** oideachais nó ***ar aon chúis*** eile***, lena n-áirítear cúis*** a d’fhéadfadh a bheith ina ***hidirdhealú*** faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh***, a mbíonn bacainní rompu a chuireann cosc orthu rochtain éifeachtach a bheith acu ar dheiseanna faoin gClár***;	(12) ciallaíonn ‘daoine ar lú na deiseanna atá acu’ ***rannpháirtithe incháilithe sa chlár a bhfuil bacainní struchtúracha nó staide rompu a chuireann cosc orthu rochtain éifeachtach a bheith acu ar dheiseanna faoin gClár, lena n-áirítear bacainní atá nasctha le hioncam íseal nó bochtaineacht, cónaí i dtíortha agus i gcríocha tuaithe, iargúlta, sna réigiúin is forimeallaí, agus thar lear, cúlra*** cultúrtha ***nó*** imirceach, ***stádas dídeanaí dhlíthiúil,*** míchumas***, saincheisteanna sláinte fadtéarmacha, easpa dídine nó tithíocht fhorbhásach, míbhuntáiste*** oideachais***, dífhostaíocht, inscne, idirdhealú eitneach nó ciníoch,*** nó ***forais*** eile a d’fhéadfadh a bheith ina ***n-idirdhealú*** faoi Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) ciallaíonn ‘foghlaimeoir gairmoideachais agus gairmoiliúna’ duine atá cláraithe ar chlár gairmoideachais agus oiliúna tosaigh nó leanúnach ar aon leibhéal ó leibhéal na meánscoile go dtí leibhéal iar-mheánscoile nó duine a bhain céim amach nó a fuair cáilíocht le déanaí as clár den sórt sin;	(16) ciallaíonn ‘foghlaimeoir gairmoideachais agus gairmoiliúna’ duine atá cláraithe ar chlár gairmoideachais agus oiliúna tosaigh nó leanúnach ar aon leibhéal ó leibhéal na meánscoile go dtí leibhéal iar-mheánscoile ***arb é is aidhm dó an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá le haghaidh gairmeacha sonracha nó le haghaidh mhargadh an tsaothair ar bhonn níos leithne a thabhairt do dhaoine aonair, chun céim ghairmiúil a fháil*** nó duine a bhain céim amach nó a fuair cáilíocht le déanaí as clár den sórt sin***, nó duine atá rannpháirteach i bprintíseacht d’fhoghlaimeoirí óga nó fásta nó in oiliúint d’oibrithe agus do chuardaitheoirí***

poist;

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) ciallaíonn ‘saorálaíocht’ gníomhaíocht neamhíoctha lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha nó dhaonnúla ***agus a bhfuil*** gné láidir foghlama ***ag baint léi;***	(17) ciallaíonn ‘saorálaíocht’ gníomhaíocht neamhíoctha ***a mhaireann suas le 12 mhí*** lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shochaíocha nó dhaonnúla***, lena rannchuidítear leis an dlúthpháirtíocht, lena neartaítear pobail agus rannpháirtíocht shibhialta, agus lena n-áirítear*** gné láidir foghlama***,***

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is é cuspóir ginearálta an Chláir rannchuidiú le hEoraip athléimneach, iomaíoch ***agus chomhtháite*** trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán a chur chun cinn, scileanna agus inniúlachtaí don saol ***agus do phoist do chách*** a fheabhsú***,*** agus luachanna ***an Aontais***, rannpháirtíocht ***dhaonlathach agus shochaíoch***, dlúthpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus comhdheiseanna a chothú san Aontas agus níos faide i gcéin. Beidh an Clár ina phríomhionstraim chun ***Aontas na Scileanna a thógáil,*** chun an Limistéar Eorpach Oideachais a fhorbairt ***a thacóidh*** le cur chun feidhme an chomhair straitéisigh Eorpaigh i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear a chláir oibre earnála bhunúsacha.	Is é cuspóir ginearálta an Chláir rannchuidiú le hEoraip ***atá*** athléimneach, ***cóir go sóisialta, inbhuanaithe, rathúil, comhtháite agus*** iomaíoch trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil ar ardchaighdeán***, agus forbairt phearsanta, oideachais agus ghairmiúil*** a chur chun cinn trí scileanna agus inniúlachtaí don saol***, don obair agus don tsaoránacht ghníomhach*** a fheabhsú ***do chách, agus braistint féiniúlachta Eorpaí*** agus luachanna ***Eorpacha***, rannpháirtíocht ***dhaonlathach agus shochaíoch, idirphlé idirchultúrtha, urraim don éagsúlacht,*** dlúthpháirtíocht, cuimsiú sóisialta agus comhdheiseanna a chothú san Aontas agus níos faide i gcéin. ***Leis an gClár, cuirfear coibhéis, tréscaoilteacht agus aistrithe réidhe idir réimsí éagsúla oideachais agus oiliúna chun cinn ar feadh an tsaoil. Agus béim láidir á leagan ar shoghluaisteacht foghlama,*** beidh an Clár ina

	phríomhionstraim ***freisin*** chun an Limistéar Eorpach Oideachais***, lena n-áirítear Aontas na Scileanna,*** a fhorbairt ***agus tacú le*** le cur chun feidhme an chomhair straitéisigh Eorpaigh i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear a chláir oibre earnála bhunúsacha. ***Áiritheofar leis an gClár deiseanna cothroma ar fud na n-aoisghrúpaí agus na suíomhanna foghlama uile, lena gcuirfear ar chumas foghlaimeoirí luath-óige, foghlaimeoirí óga, agus foghlaimeoirí fásta páirt a ghlacadh in oideachas agus oiliúint fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, agus lena dtacófar leis na heagraíochtaí a fhreastalaíonn orthu. Leis an gClár, cuirfear forbairt inniúlachtaí chun cinn agus déanfar deiseanna foghlama atá ann cheana a ghiaráil ar fud an Aontais.***

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Leis an gClár, cuirfear an comhar maidir le beartas na hóige chun cinn agus déanfar an ghné Eorpach sa spórt a fhorbairt ***tuilleadh***. Is é an cuspóir atá ann Eoraip níos cuimsithí, níos aontaithe agus níos láidre a chothú trí dhaoine óga a chumhachtú, naisc phobail a neartú, agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus comhar fóinteach. Tá ról ríthábhachtach ag an spórt mar spreagadh don chuimsiú sóisialta, don tsláinte, don oideachas agus don fhorbairt pobail. Trí infheistíocht a dhéanamh san óige, san obair dheonach agus sa spórt, tá sé d'aidhm ag an gClár sochaithe níos láidre agus níos nasctha a thógáil, rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a spreagadh, agus rannchuidiú le comhtháthú sóisialta ar gach leibhéal.	Leis an gClár, cuirfear an comhar maidir le beartas na hóige chun cinn agus déanfar an ghné Eorpach sa spórt a fhorbairt ***a thuilleadh***. Is é an cuspóir atá ann Eoraip níos cuimsithí, níos aontaithe agus níos láidre a chothú trí dhaoine óga a chumhachtú, naisc phobail a neartú, agus ***saoránacht ghníomhach agus*** dlúthpháirtíocht a chur chun cinn trí rannpháirtíocht agus comhar fóinteach. Tá ról ríthábhachtach ag an spórt mar spreagadh don chuimsiú sóisialta, don tsláinte, don oideachas agus don fhorbairt pobail. Trí infheistíocht a dhéanamh san óige, san obair dheonach agus sa spórt, tá sé d'aidhm ag an gClár sochaithe níos láidre agus níos nasctha a thógáil, rannpháirtíocht shibhialta agus dhaonlathach a spreagadh, agus rannchuidiú le comhtháthú sóisialta ar gach

	leibhéal. ***Na geallsealbhóirí ábhartha uile a chuireann an Clár chun feidhme, déanfaidh siad dálaí oibre cothroma, sábháilte agus cuibhiúla a choimirciú don fhoireann, d'oibrithe óige, d'oiliúnóirí agus do shaorálaithe atá rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár agus urramóidh siad go hiomlán dlí an tsaothair, cearta oibrithe agus comhaontuithe comhchoiteanna.***

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Áiritheofar leis an gClár comhar leis an tsochaí shibhialta maidir lena dhearadh agus lena chur chun feidhme araon. Chun luachanna an Aontais a chothú, cothromas agus cuimsiú a chur chun cinn, tá gá le tacaíocht láidir do gach eagraíocht a éascaíonn na gníomhaíochtaí san oideachas, san oiliúint, san óige agus sa spórt, lena n-áirithítear gur féidir tacaíocht a chur ar fáil do gach Eorpach leis an gcumas eagraíochtúil ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as an gClár.

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tacú le feabhas a chur ar an oideachas, ar scileanna agus ar inniúlachtaí agus aird ar leith á tabhairt ar ***a n-ábharthacht do mhargadh an tsaothair agus d'fhorbairt ghairmiúil agus d'fhás*** pearsanta ***an duine aonair agus don mhéid a chuireann siad*** le sochaí ***iomaíoch,***	(a) tacú le feabhas a chur ar an oideachas, ar scileanna agus ar inniúlachtaí agus aird ar leith á tabhairt ar ***fhorbairt iomlánaíoch gach duine aonair, fás*** pearsanta ***agus gairmiúil a áirithiú agus rannchuidiú*** le sochaí chomhtháite***, agus ag an am céanna tacú le hinfhostaitheacht, fiontraíocht agus***

inbhuanaithe agus chomhtháite;	***soghluaisteacht ghairmiúil agus cuidiú le freagairt do riachtanais athraitheacha gheilleagar na hEorpa, chomh maith le fás inbhuanaithe agus iomaíochas***;

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe a a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(aa) soghluaisteacht foghlama a chur chun cinn mar phríomhionstraim le haghaidh forbairt phearsanta agus ghairmiúil, lena n-áiritheofar rochtain leathan ar dheiseanna soghluaisteachta do gach foghlaimeoir;

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) braistint féiniúlachta Eorpaí agus saoránachta gníomhaí a chothú, dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí agus sa daonlathas a fheabhsú, tionchar dearfach ar an tsochaí, athléimneacht níos fearr agus ullmhacht níos fearr a spreagadh chun rioscaí de chineál éagsúil a thuar, a chosc agus freagairt dóibh;	(b) braistint féiniúlachta Eorpaí agus saoránachta gníomhaí a chothú, dlúthpháirtíocht agus rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí agus sa daonlathas a fheabhsú, tionchar dearfach ar an tsochaí, athléimneacht níos fearr agus ullmhacht níos fearr a spreagadh chun rioscaí de chineál éagsúil a thuar, a chosc agus freagairt dóibh***, agus comhtháthú sóisialta, slándáil fostaíochta agus laghdú ar neamhionannais á n-aithint mar mhodhanna chun na cuspóirí sin a bhaint amach***;

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) cáilíocht, cuimsiú, cothromas, inbhuanaitheacht, cruthaitheacht, nuálaíocht, barr feabhais agus comhar trasteorann a chothú, tarraingteacht ***agus iomaíochas*** na hEorpa a neartú ar fud an domhain, i ngach réimse den oideachas agus den oiliúint, den óige agus den spórt;	(c) cáilíocht, cuimsiú, cothromas, inbhuanaitheacht, cruthaitheacht, nuálaíocht, barr feabhais agus comhar trasteorann a chothú, tarraingteacht na hEorpa a neartú ar fud an domhain, i ngach réimse den oideachas agus den oiliúint, den óige agus den spórt;

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) dul i dteagmháil le daoine óga agus iad a chumhachtú chun inniúlachtaí gairmiúla agus pearsanta a shealbhú agus a fhorbairt, chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus sa daonlathas agus chun iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach;	(d) dul i dteagmháil le daoine óga agus iad a chumhachtú chun inniúlachtaí gairmiúla agus pearsanta a shealbhú agus a fhorbairt ***trí fhoghlaim fhoirmiúil, sheachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil***, chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus sa daonlathas agus chun iad a nascadh leis an tionscadal Eorpach***, agus cur chun feidhme Straitéis Óige an Aontais, an Chláir Oibre Eorpaigh don Obair Óige agus tionscnaimh eile de chuid an Aontais i réimse na hóige á éascú agus tacú lena gcur chun feidhme ag an am céanna***;

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) tacú le forbairt beartas, lena n-áirítear le haghaidh ***cúrsaíocht scileanna***, dlús a chur le hathchóirithe agus nuachóiriú ar leibhéal na gcóras, ar fud réimsí uile an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, lena n-áiritheofar go mbeidh siad níos éifeachtaí, níos	(e) tacú le forbairt beartas ***agus comhar trasteorann a éascú agus tionscnaimh a uas-scálú***, lena n-áirítear le haghaidh ***réimse foghlama ar feadh an tsaoil na hEorpa a neartú agus rannchuidiú le barr feabhais san oideachas agus san oiliúint***, dlús a chur le hathchóirithe agus nuachóiriú ar leibhéal

athléimní agus níos cuimsithí;	na gcóras, ar fud réimsí uile an oideachais agus na hoiliúna, na hóige agus an spóirt, lena n-áiritheofar go mbeidh siad níos éifeachtaí, níos athléimní agus níos cuimsithí;

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) borradh a chur faoi bhailíochtú agus aithint cáilíochtaí agus foghlama a rinneadh roimhe seo ar fud na dtimpeallachtaí foghlama uile, bídís foirmiúil, seachfhoirmiúil nó neamhfhoirmiúil, agus ag an am céanna rannchuidiú le haithint uathoibríoch cáilíochtaí agus tréimhsí foghlama a caitheadh ar an gcoigríoch, ar choinníoll go gcomhlíonann siad caighdeáin cháilíochta atá coibhéiseach le cáilíochtaí inchomparáide a fuarthas laistigh den Aontas;

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) deiseanna atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta agus daonnúla a spreagann athruithe dearfacha sochaíocha san Aontas agus níos faide i gcéin (tríd an gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a chur ar bun), agus a n-inniúlachtaí á bhfeabhsú agus á mbailíochtú go cuí ag an am céanna, chomh maith lena rannpháirtíocht leanúnach mar shaoránaigh ghníomhacha a	(f) deiseanna atá inrochtana go héasca a chur ar fáil do dhaoine óga chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta***, saorálaíochta*** agus daonnúla a spreagann athruithe dearfacha sochaíocha san Aontas agus níos faide i gcéin (tríd an gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil a chur ar bun), agus a n-inniúlachtaí á bhfeabhsú agus á mbailíochtú go cuí ag an am céanna, ***lena n-áirítear scileanna boga agus inniúlachtaí boga,*** chomh maith lena rannpháirtíocht leanúnach mar shaoránaigh

éascú;	ghníomhacha a éascú;

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) an tSamhail Eorpach Spóirt a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i spórt an phobail, go háirithe gníomhaíochtaí deonacha, inrochtaineacht a áirithiú, rannpháirtíocht a chur chun cinn, sláine a chosaint, tacú le dea-rialachas, agus ról sóisialta, oideachais agus pobail an spóirt a threisiú, trí ghníomhaíochtaí lena ndírítear ar chóras spóirt atá cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe a fhorbairt ar fud na hEorpa**.**	(g) an tSamhail Eorpach Spóirt a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i spórt an phobail, go háirithe gníomhaíochtaí deonacha, inrochtaineacht a áirithiú, rannpháirtíocht a chur chun cinn, sláine a chosaint, tacú le dea-rialachas, agus ról sóisialta, oideachais agus pobail an spóirt a threisiú, trí ghníomhaíochtaí lena ndírítear ar chóras spóirt atá cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe a fhorbairt ar fud na hEorpa***, agus coinníollacha oibre cothroma, sábháilte agus réasúnta á gcosaint ag an am céanna d'oibrithe, do chóitseálaithe, do thraenálaithe, do lúthchleasaithe agus d'oibrithe deonacha san earnáil spóirt;***

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Léireoidh na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gclár go gcomhlíonann siad an smacht reachta agus go n-urramaíonn siad na prionsabail, na luachanna agus na cearta bunúsacha dá dtagraítear sa Rialachán seo. Bunóidh an Coimisiún socruithe comhréireacha dearbhaithe cáilíochta agus faireacháin chun a fhíorú go dtacaíonn institiúidí agus eagraíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár le luachanna daonlathacha, cearta an duine agus neamh-idirdhealú a urramú agus a chur chun cinn, agus déanfaidh sé foráil

maidir le bearta leantacha iomchuí i gcás nach gcomhlíontar sin;

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Tacaíocht maidir le fothú acmhainneachta.	(b) ***Comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí agus*** tacaíocht maidir le fothú acmhainneachta.

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 3a
	Spriocghrúpaí agus eagraíochtaí rannpháirteacha
	1. I measc spriocghrúpaí féideartha agus eagraíochtaí rannpháirteacha an Chláir, tá:
	(a) I gcás tionscadail a bhaineann le réimse an ardoideachais: mic léinn ardoideachais (timthriall gearr, an chéad, an dara nó an tríú timthriall), múinteoirí agus ollaimh ardoideachais, baill foirne in institiúidí ardoideachais, oiliúnóirí agus gairmithe i bhfiontair;
	(b) I gcás tionscadail a bhaineann le réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna: printísigh agus mic léinn sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, gairmithe agus oiliúnóirí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, baill foirne in eagraíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna, oiliúnóirí agus gairmithe i bhfiontair;
	(c) I gcás tionscadail a bhaineann le

réimse an oideachais scoile: ceannairí scoile, múinteoirí scoile agus baill foirne scoile, daltaí san oideachas réamh-bhunscoile, bunscoile agus meánscoile;

(d) I gcás tionscadail a bhaineann le réimse an oideachais aosaigh: comhaltaí d'eagraíochtaí oideachais aosaigh de chineál neamhghairme, oiliúnóirí, baill foirne agus foghlaimeoirí san oideachas aosach neamhghairme;

(e) I gcás tionscadail a bhaineann le réimse an aos óg: daoine óga, oibrithe óige, baill foirne agus comhaltaí d'eagraíochtaí atá gníomhach i réimse na hóige;

(f) I gcás tionscadail a bhaineann le réimse an spóirt: gairmithe agus oibrithe deonacha i réimse an spóirt, lúthchleasaithe agus cóitseálaithe;

2. Is féidir le heagraíocht rannpháirteach atá rannpháirteach i dtionscadal Erasmus+, mar chomhordaitheoir nó mar chomhpháirtí, a bheith ina heagraíocht ar bith atá gníomhach i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige nó an spóirt agus atá bunaithe i mBallstát den Aontas nó i dtríú tír atá comhlachaithe leis an gClár.

3. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach, más gá, liosta na spriocghrúpaí féideartha agus na n-eagraíochtaí rannpháirteacha a leathnú.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Soghluaisteacht foghlama i ngairmoideachas agus gairmoiliúint, idir fhoghlaimeoirí agus bhaill foirne;	(b) Soghluaisteacht foghlama i ngairmoideachas agus gairmoiliúint, idir fhoghlaimeoirí agus bhaill foirne***, lena n-áirítear printísigh agus socrúcháin foghlama obairbhunaithe***;

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) Soghluaisteacht foghlama foghlaimeoirí fásta agus ball foirne ***san fhoghlaim aosach***.	(d) Soghluaisteacht foghlama foghlaimeoirí fásta agus ball foirne ***i suíomhanna foghlama aosaí foirmiúla agus seachfhoirmiúla***.

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***Obair dheonach*** ‘an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh’, lena n-áirítear an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil.	(b) ***Gníomhaíochtaí*** ‘an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh’, ***roinnte in dhá shnáithe:***
	(i) rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear ***gníomhaíochtaí saorálaíochta, gníomhaíochtaí líonraithe tionscadal dlúthpháirtíochta, bearta cáilíochta agus tacaíochta;***
	(ii) rannpháirtíocht daoine i ngníomhaíochtaí dlúthpháirtíochta a bhaineann le cabhair dhaonnúil (‘an Cór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil***’), lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, gníomhaíochtaí foghlama agus oiliúna a bhaineann le saorálaíocht le heagraíochtaí cosanta sibhialta agus le heagraíochtaí práinnfhreagartha, amhail comhrac dóiteáin, eagraíochtaí éigeandála leighis agus tarrthála, lena n-áirítear i gcomhthéacsanna trasteorann***.
	D’fhéadfadh saorálaíocht tarlú i dtír nach tír chónaithe an rannpháirtí í nó i dtír chónaithe an rannpháirtí. Áiritheofar le gníomhaíochtaí saorálaíochta go n-

	urramófar go hiomlán an dlí daonnúil idirnáisiúnta, cearta an duine agus caighdeáin saothair idirnáisiúnta, lena ráthófar sábháilteacht, dínit agus ullmhú iomchuí saorálaithe, agus lena n-áiritheofar go gcomhlánóidh na gníomhaíochtaí sin obair dhaonnúil íoctha, fostaíocht áitiúil nó seirbhísí poiblí gairmiúla i bpobail óstacha agus nach gcuirfear na gníomhaíochtaí sin in ionad na nithe sin. Ní féidir an tsaorálaíocht a chur in ionad cúrsaí oiliúna ná post, ná ní hionann í agus fostaíocht. Beidh sí bunaithe ar chomhaontú saorálaíochta i scríbhinn agus cuirfear chun feidhme í agus lánurraim á tabhairt do chaighdeáin saothair, do dhínit an duine agus d'ullmhú agus do chosaint leordhóthanach saorálaithe, i gcomhréir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I réimse an spóirt, tacóidh an Clár le soghluaisteacht foghlama lúthchleasaithe agus daoine atá gníomhach i spórt an phobail agus i soghluaisteacht foghlama na foirne spóirt.	3. I réimse an spóirt, tacóidh an Clár le soghluaisteacht foghlama lúthchleasaithe agus daoine atá gníomhach i spórt an phobail agus i soghluaisteacht foghlama na foirne spóirt***, agus carachtar sóisialta agus neamhthráchtála an spóirt phobail á chosaint ag an am céanna***.

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) bearta amhail tacaíocht teanga, cuairteanna ullmhúcháin, oiliúint agus comhar fiorúil.	(b) bearta amhail tacaíocht teanga, cuairteanna ullmhúcháin, oiliúint agus comhar fiorúil***, lena n-áirithítear***

inrochtaineacht trí dhearadh.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Áireofar le soghluaisteacht foghlama foirne múinteoirí, oiliúnóirí agus pearsanra oideachais eile i ngach earnáil. Áiritheoidh na Ballstáit agus na tíortha rannpháirteacha go n-aithneofar soghluaisteacht foirne mar am oibre agus mar chuid d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach, agus go gcuirfear bearta tacaíochta iomchuí athsholáthair, teanga agus inrochtaineachta ar fáil chun rannpháirtíocht a chumasú.

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Scoláireachtaí Erasmus+ i réimsí straitéiseacha oideachais, lena n-áirítear i gcláir staidéir chomhpháirteacha;	(a) Scoláireachtaí Erasmus+ i réimsí straitéiseacha oideachais ***agus oiliúna***, lena n-áirítear i gcláir staidéir chomhpháirteacha ***agus sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, lena n-áirithítear go mbeidh rochtain bunaithe ar phrionsabail an chuimsithe agus an chothromais shóisialta***;

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Scoláireachtaí Erasmus Mundus;	(b) Scoláireachtaí Erasmus Mundus***, agus soghluaisteacht chothrom agus chiorclach á cur chun cinn do mhic léinn***

agus do bhaill foirne rannpháirteacha;

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(da) Scéimeanna spriocdhírithe soghluaisteachta foghlama agus comhair le haghaidh múinteoirí, oiliúnóirí agus pearsanra oideachais eile, lena n-áirítear trí Acadaimh Múinteoirí Erasmus+ agus tionscnaimh chomhchosúla, mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil tosaigh agus leanúnach, agus aitheantas agus bailíochtú iomchuí ar an leibhéal náisiúnta;

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil II – Roinn 2 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tacaíocht maidir le fothú acmhainneachta	***Comhar i measc eagraíochtaí agus institiúidí agus*** fothú acmhainneachta ***san Eoraip***

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Comhpháirtíochtaí le haghaidh comhair, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí ar mionscála chun rochtain níos leithne agus níos cuimsithí ar an gClár a chothú;	(a) Comhpháirtíochtaí le haghaidh comhair, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí ar mionscála chun rochtain níos leithne agus níos cuimsithí ar an gClár a chothú ***agus aird ar leith á tabhairt ar eagraíochtaí pobail, ar institiúidí poiblí agus ar eagraíochtaí a bhfuil acmhainneacht riaracháin theoranta acu***;

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) Comhpháirtíochtaí le haghaidh barr feabhais agus nuálaíochta***, a chuireann le Comhghuaillíochtaí*** d'Ollscoileanna Eorpacha, Ionaid Barr Feabhais Gairme, Acadaimh Múinteoirí Eorpacha, ***Comhaontais Scoileanna Eorpacha,*** cláir staidéir chomhpháirteacha, ***Comhghuaillíochtaí Comhoibríocha*** Óige na hEorpa le Chéile ***agus*** Spóirt.	(b) Comhpháirtíochtaí le haghaidh barr feabhais agus nuálaíochta ***agus malartú dea-chleachtas, le tacaíocht leanúnach do Chomhghuaillíochtaí*** d'Ollscoileanna Eorpacha, Ionaid Barr Feabhais Gairme, Acadaimh Múinteoirí Eorpacha, cláir staidéir chomhpháirteacha, Óige na hEorpa le Chéile***, ar bhealach lena gcuirtear leis na tionscnaimh sin chun tionscnaimh nua a chruthú amhail na Comhghuaillíochtaí Eorpacha Scoileanna agus Comhghuaillíochtaí Comhoibríocha Eorpacha*** Spóirt ***, lena n-áirítear tionscadail chomhair atá dírithe ar bharr feabhais gairme, rannpháirtíocht i gcomórtais scileanna, agus piarfhoghlaim a chur chun cinn i measc soláthraithe oiliúna, chomh maith le comhar le fiontair faoi chuimsiú tionscnaimh barr feabhais gairmoideachais agus gairmoiliúna***.

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) Cláir oibre beartas agus uirlisí an Aontais, lena gcumhdaítear scileanna, oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt, a thástáil, a ullmhú agus a chur chun feidhme[21];	(a) Cláir oibre beartas agus uirlisí an Aontais, lena gcumhdaítear scileanna, oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt, a thástáil, a ullmhú agus a chur chun feidhme[21]***, lena n-áirítear tionscnaimh lena dtugtar aghaidh ar ghanntanais scileanna agus saothair, foghlaim obairbhunaithe, printíseachtaí agus conairí soghluaisteachta, go háirithe in FBManna***;
[21] Go háirithe: an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF); an Creat Tagartha	[21] Go háirithe: an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF); an Creat Tagartha

Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas agus Gairmoiliúint (EQAVET); an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas;, Líonra Eorpach na Lárionad Faisnéise sa Réigiún Eorpach agus na Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil san Aontas Eorpach, líonra Euroguidance, an creat coiteann agus uirlisí chun seirbhísí níos fearr a sholáthar do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass), Líonra Eurydice, Comhordaitheoirí Náisiúnta don Fhoghlaim Aosach, na Seirbhísí Tacaíochta Lárnacha agus Náisiúnta d'ardáin ar líne, limistéar Eorpach an Ardoideachais agus na Pointí Tagartha Náisiúnta maidir le rianú céimithe, líonra vicí na hÓige, líonra Eurodesk, Fóram Eorpach na hÓige, Youthpass, na Meithleacha Náisiúnta a chuireann Idirphlé Óige an Aontais chun feidhme agus na Comhlachtaí Comhordúcháin Náisiúnta a chuireann Seachtain Eorpach an Spóirt chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.	Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta i nGairmoideachas agus Gairmoiliúint (EQAVET); an Clár Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas;, Líonra Eorpach na Lárionad Faisnéise sa Réigiún Eorpach agus na Lárionaid Náisiúnta Faisnéise um Aitheantas Acadúil san Aontas Eorpach, líonra Euroguidance, an creat coiteann agus uirlisí chun seirbhísí níos fearr a sholáthar do scileanna agus do cháilíochtaí (Europass), Líonra Eurydice, Comhordaitheoirí Náisiúnta don Fhoghlaim Aosach, na Seirbhísí Tacaíochta Lárnacha agus Náisiúnta d'ardáin ar líne, limistéar Eorpach an Ardoideachais agus na Pointí Tagartha Náisiúnta maidir le rianú céimithe, líonra vicí na hÓige, líonra Eurodesk, Fóram Eorpach na hÓige, Youthpass, na Meithleacha Náisiúnta a chuireann Idirphlé Óige an Aontais chun feidhme agus na Comhlachtaí Comhordúcháin Náisiúnta a chuireann Seachtain Eorpach an Spóirt chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 –mír 1 – pointe b a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ba) Idirphlé beartais i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na hóige, an spóirt agus na saorálaíochta agus comhar leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear réimse leathan gníomhaíochtaí amhail comhdhálacha agus cineálacha eile imeachtaí, tacaíocht do chomhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta mar aon leis an tacaíocht d'fheidhmiú Idirphlé an Aontais leis an Aos Óg, do líonraí uile-Aontais agus d'eagraíochtaí Eorpacha;

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) Scaipeadh agus cumarsáid.	(c) Scaipeadh agus cumarsáid ***lena n-áirithítear trédhearcacht, inrochtaineacht agus iolrachas***.

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún, na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár cur chuige cuimsitheach ar fud na ngníomhaíochtaí uile.	1. Agus an Rialachán seo á chur chun feidhme, áiritheoidh an Coimisiún, na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár cur chuige cuimsitheach ar fud na ngníomhaíochtaí uile***, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar neamhionannais struchtúracha atá nasctha le cúlra socheacnamaíoch, míchumas, inscne, stádas imirce, staid fostaíochta, míbhuntáiste críochach agus cineálacha eile idirdhealaithe, agus trí na dálaí a chruthú chun nach mbeidh rannpháirtíocht ag brath ar acmhainneacht airgeadais***.

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár bearta éifeachtacha chun cuimsiú, éagsúlacht agus cothroime, dlúthpháirtíocht ***agus*** comhionannas deiseanna ***a chur chun cinn***, go háirithe chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu sa Chlár a áirithiú.	2. Déanfaidh an Coimisiún, na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár bearta éifeachtacha chun cuimsiú, éagsúlacht agus cothroime, dlúthpháirtíocht ***a chur chun cinn, chun*** comhionannas deiseanna ***a sholáthair***, go háirithe chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu sa Chlár a áirithiú***, agus chun gach beart iomchuí a dhéanamh chun cosc a chur ar rannpháirtíocht cruatan airgeadais nó***

	bochtaineacht i measc daoine atá ag obair.

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tacóidh an Coimisiún le rochtain ar an gClár ó aois óg agus neamhspleách ar chúlra socheacnamaíoch. Chun é sin a bhaint amach, áiritheoidh sé go soláthrófar bearta chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú***, lena n-áirítear*** sásraí ***tacaíochta*** airgeadais***, i gcás inarb ábhartha***.	3. Tacóidh an Coimisiún le rochtain ar an gClár ó aois óg agus ***do gach spriocghrúpa agus*** neamhspleách ar chúlra socheacnamaíoch. Chun é sin a bhaint amach, áiritheoidh sé go soláthrófar bearta chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú. ***Áireofar ar na bearta sin, i measc nithe eile, tacaíocht airgeadais agus*** sásraí ***réamh-mhaoinithe, cumhdach leordhóthanach ar chostais soghluaisteachta, tacaíocht tithíochta, gníomhaíochtaí ullmhúcháin, agus cúiteamh ar chostais bhreise a bhaineann le míchumas nó míbhuntáiste socheacnamaíoch, chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú, go háirithe, ar daoine iad a gcuirtear bac ar a rannpháirtíocht ar chúiseanna*** airgeadais. ***Áireofar ar na bearta sin freisin próisis dhigiteacha mar réamhshocrú, lena n-áirítear sínithe leictreonacha agus ceanglais doiciméadachta chuíchóirithe agus inrochtana, chomh maith le sreafaí oibre soiléire agus comhsheasmhacha, chun ceanglais riaracháin dhíréireacha ar rannpháirtithe a laghdú. Téann sé sin chun tairbhe freisin do FBManna, do sholáthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna agus d'idirghabhálaithe a thacaíonn leis an tsoghluaisteacht.***

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Féadfaidh an Coimisiún coigeartú a dhéanamh, nó féadfaidh sé údarú a thabhairt do na gníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19 coigeartú a dhéanamh, ar bhonn critéir oibiachtúla, ar na sásraí tacaíochta airgeadais chun feabhas a chur ar rochtain ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu.	4. Féadfaidh an Coimisiún coigeartú a dhéanamh, nó féadfaidh sé údarú a thabhairt do na gníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19 coigeartú a dhéanamh, ar bhonn critéir oibiachtúla, ar na sásraí tacaíochta airgeadais chun feabhas a chur ar rochtain ar dhaoine ar lú na deiseanna atá acu***, agus cumhdach leordhóthanach á áirithiú an tráth céanna ar chostais bhreise soghluaisteachta a bhíonn ar thairbhithe, ó réigiúin iargúlta, oileánacha, shléibhtiúla, réigiúin nach ndéantar freastal ceart orthu agus na réigiúin is forimeallaí chomh maith leis na tíortha agus na críocha thar lear atá comhlachaithe leis an Aontas***.

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Áiritheoidh an Coimisiún go rannchuideoidh an Clár le foghlaim ar feadh an tsaoil trí dheiseanna soghluaisteachta a sholáthar d'fhoghlaimeoirí níos déanaí ina saol.

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Costais na mbeart chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú nó chun tacú léi, ní bheidh siad ina n-údar le diúltú d'iarratas faoin gClár.	5. Costais na mbeart chun rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu a éascú nó chun tacú léi, ní bheidh siad ina n-údar le diúltú d'iarratas faoin gClár***, ná ní dhéanfaidh siad difear diúltach do mheasúnú cáilíochta ná do rangú an iarratais***.

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 8 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar bhonn rialta ar chur chun feidhme na mbeart cuimsithe agus éagsúlachta, lena n-áirítear na pleananna náisiúnta cuimsithe agus éagsúlachta.	7. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar bhonn rialta ar chur chun feidhme na mbeart cuimsithe agus éagsúlachta, lena n-áirítear na pleananna náisiúnta cuimsithe agus éagsúlachta***, lena n-áirítear trí tháscairí a bhaineann le tionchar sóisialta, rochtain chomhionann, agus cáilíocht fostaíochta***.

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Is é EUR ***40 827 000 000*** i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach airgeadais táscach maidir le cur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2028–2034.	1. Is é EUR ***47,39 billiún*** i bpraghsanna reatha an t-imchlúdach airgeadais táscach maidir le cur chun feidhme an Chláir don tréimhse 2028–2034.

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Maidir leis an méid a leagtar amach i mír 1, seo a leanas a dháileadh táscach:
	(a) EUR XXX, arb ionann é agus X % den mhéid a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, do ghníomhaíochtaí i réimse an oideachais agus na hoiliúna, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, ardoideachas, oideachas scoile, oideachas agus cúram na luath-

	óige agus oideachas aosach;
	(b) EUR XXX, arb ionann é agus X % den mhéid a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, do ghníomhaíochtaí i réimse na hóige;
	(c) X % spóirt.

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1b. Leithdháilfear 20 % ar a laghad den imchlúdach airgeadais iomlán chun tacú le rannpháirtíocht daoine ar lú na deiseanna atá acu, lena n-áirítear trí thacaíocht airgeadais spriocdhírithe, sásraí cistiúcháin oiriúnaithe agus bearta cur chun feidhme cuimsitheacha.

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1c. Áiritheoidh an Coimisiún trédhearcacht iomlán maidir le gealltanais bhliantúla agus íocaíochtaí bliantúla in aghaidh an tsnáithe dá dtagraítear i mír 1a agus cuirfidh sé an fhaisnéis sin i láthair sa tuairisciú bliantúil agus san fhaisnéis feidhmíochta a bhaineann leis an gClár.

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfear an Clár chun feidhme i bpáirt le cláir eile de chuid an Aontais.	1. Cuirfear an Clár chun feidhme i bpáirt le cláir eile de chuid an Aontais.

Gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile, féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil faoin gClár freisin. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostais incháilithe a bhunaítear an ranníocaíocht ón Aontas, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn pro rata i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.	Gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile, féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil faoin gClár freisin. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostas incháilithe a bheidh na ranníocaíochtaí ón Aontas bunaithe, ní rachaidh an tacaíocht charnach as buiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn pro rata i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht***, agus trédhearcacht agus cóir chomhionann d'iarratasóirí á n-áirithiú agus comhchruinniú díréireach cistiúcháin á chosc in eagraíochtaí móra nó in eagraíochtaí a bhfuil buntáiste struchtúrach acu***.

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) feidhmíocht, arna ríomh bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil.	(c) feidhmíocht, arna ríomh bunaithe ar na sonraí is déanaí atá ar fáil***, agus é á áirithiú ag an am céanna nach ndéanfaidh na critéir leithdháilte éagothromaíochtaí struchtúracha idir na Ballstáit agus na réigiúin a threisiú trí dheiseanna soghluaisteachta a chur chun cinn mar aon le cóineasú sóisialta aníos agus go dtabharfar aird ar leith ar dhúshláin shocheacnamaíocha, ar neamhionannais réigiúnacha agus ar an ngá atá le cóineasú sóisialta aníos***.

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Comhlíonfaidh eintitis atá rannpháirteach sa Chlár an reachtaíocht saothair, shóisialta agus frith-idirdhealaithe is infheidhme, agus ní bheidh siad faoi réir cinntí críochnaitheacha lena suitear sáruithe tromchúiseacha ar chaighdeáin saothair nó ar chaighdeáin shóisialta.

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Is le cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme.	Is le cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 110 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme. ***Tabharfar le fios sna cláir oibre an méid a leithdháilfear ar gach gníomhaíocht agus maidir le dáileadh na gcistí idir Ballstáit agus tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár i gcás na ngníomhaíochtaí atá le bainistiú ag an ngníomhaireacht náisiúnta, chomh maith le leithdháiltí buiséid sainráite.***

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcomhar leis an gCoimisiún, déanfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19 straitéis chomhsheasmhach cumarsáide a fhorbairt maidir le for-rochtain éifeachtach agus maidir le scaipeadh agus saothrú thorthaí na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoi na	1. I gcomhar leis an gCoimisiún, déanfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19 straitéis chomhsheasmhach cumarsáide a fhorbairt maidir le for-rochtain éifeachtach agus maidir le scaipeadh agus saothrú thorthaí na ngníomhaíochtaí a dtacaítear leo faoi na

gníomhaíochtaí ar a ndéanann siad bainistiú laistigh den Chlár. Tacóidh na húdaráis náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 18 leis na gníomhaireachtaí náisiúnta leas a bhaint as torthaí tionscadal a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu.	gníomhaíochtaí ar a ndéanann siad bainistiú laistigh den Chlár. ***Chomh maith leis an bpobal i gcoitinne a chur ar an eolas, tabharfar tosaíocht do dhul i dteagmháil le daoine ar lú na deiseanna atá acu, faoin réimse leathan gníomhaíochtaí ar féidir leis an gClár tacú leo sa bhreis ar shoghluaisteacht foghlama mac léinn ardoideachais.*** Tacóidh na húdaráis náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 18 leis na gníomhaireachtaí náisiúnta leas a bhaint as torthaí tionscadal a bhféadfadh tionchar mór a bheith acu***, agus oibreoidh siad i gcomhpháirtíocht le rannpháirtithe agus tairbhithe agus líonraí iolraitheoirí chun an scaipeadh a oiriúnú don chomhthéacs sonrach***.

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tabharfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19 cúnamh don Choimisiún ina chúram ginearálta maidir le faisnéis faoin gClár a scaipeadh, lena n-áirítear faisnéis i dtaca le gníomhartha agus gníomhaíochtaí arna mbainistiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus i dtaca lena thorthaí. Cuirfidh gníomhaireachtaí náisiúnta na spriocghrúpaí ábhartha ar an eolas faoi na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí a dhéantar ina dtíortha féin.	2. Tabharfaidh na gníomhaireachtaí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 19 cúnamh don Choimisiún ina chúram ginearálta maidir le faisnéis faoin gClár a scaipeadh, lena n-áirítear faisnéis i dtaca le gníomhartha agus gníomhaíochtaí arna mbainistiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus i dtaca lena thorthaí. Cuirfidh gníomhaireachtaí náisiúnta na spriocghrúpaí ábhartha ar an eolas faoi na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí a dhéantar ina dtíortha féin. ***Déanfaidh seirbhísí gairmthreorach, institiúidí oiliúna, seirbhísí fostaíochta agus geallsealbhóirí ábhartha eile eolas faoin gclár a scaipeadh go gníomhach.***

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 16 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Déanfar an fhaisnéis faoin gClár a sholáthar i ngach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh.

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Féadfaidh Ballstát nó tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár níos mó ná gníomhaireacht náisiúnta amháin a ainmniú, go háirithe chun struchtúir bhunreachtúla, chónaidhme nó réigiúnacha a léiriú, nó chun seachadadh éifeachtach an Chláir a áirithiú ar fud críocha atá éagsúil ó thaobh teanga nó cultúir de. I gcás ina n-ainmníonn Ballstát nó tríú tír atá comhlachaithe leis an gClár níos mó ná gníomhaireacht náisiúnta amháin, áiritheoidh an t-údarás náisiúnta comhordú foriomlán, comhsheasmhacht fhoriomlán an chur chun feidhme, agus creat comhleanúnach aonair le haghaidh maoirseachta agus dearbhú i leith an Choimisiúin, lena n-áirítear trí shocruithe comhordúcháin iomchuí a bhunú i measc na ngníomhaireachtaí náisiúnta.

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 18 – mír 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	8a. Chun rannpháirtíocht shóisialta leathan a áirithiú, rachaidh an t-údarás náisiúnta i gcomhairle agus i gcomhar go rialta, trí idirphlé struchtúrtha, le comhpháirtithe sóisialta agus le geallsealbhóirí eile atá gníomhach sna

	réimsí atá ábhartha don Treoir seo, lena n-áirítear inter alia institiúidí oideachais agus oiliúna, eagraíochtaí óige agus eagraíochtaí mac léinn, FBManna a óstálann foghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna, chomh maith le húdaráis ábhartha áitiúla agus réigiúnacha.

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) acmhainneacht a léiriú chun leithdháileadh deontas atá trédhearcach agus cothrom ó thaobh na sochaí de a áirithiú, lena n-áirítear for-rochtain spriocdhírithe, tacaíocht do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu, nósanna imeachta inrochtana, neamh-idirdhealú agus tacaíocht d'eagraíochtaí ar mionscála, d'eagraíochtaí pobail agus d'eagraíochtaí neamhbhrabúis.

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7a. Beidh dlúthbhaint ag an ngníomhaireacht náisiúnta leis an idirphlé struchtúrtha dá dtagraítear in Airteagal 18.

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Beidh an ghníomhaireacht náisiúnta freagrach as na rialuithe príomhúla ar thairbhithe deontais i gcomhair na ngníomhaíochtaí atá á mbainistiú aige mar a leagtar amach sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 15. Tabharfaidh na rialuithe sin urrús réasúnach go mbaintear úsáid as na deontais arna mbronnadh de réir mar a bhí beartaithe agus i gcomhlíonadh rialacha an Aontais is infheidhme.	2. Beidh an ghníomhaireacht náisiúnta freagrach as na rialuithe príomhúla ar thairbhithe deontais i gcomhair na ngníomhaíochtaí atá á mbainistiú aige mar a leagtar amach sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 15. Tabharfaidh na rialuithe sin urrús réasúnach go mbaintear úsáid as na deontais arna mbronnadh de réir mar a bhí beartaithe agus i gcomhlíonadh rialacha an Aontais is infheidhme. ***Beidh rialuithe rioscabhunaithe agus comhréireach, agus ní chruthófar leo bacainní d'eagraíochtaí ag a bhfuil acmhainneacht riaracháin níos lú nó do rannpháirtithe ar lú na deiseanna atá acu trí cheanglais riaracháin iomarcacha. Beidh an t-údarás náisiúnta freagrach as rochtain chomhionann, trédhearcacht, neamh-idirdhealú agus cur chun feidhme éifeachtach na mbeart cuimsithe i leithdháileadh agus i mbainistiú chistí an Aontais, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa agus tionchar míchuí a chosc.***

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir don tuairim go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuairim ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na tuairime, go dtí go nglacfar sa choiste í, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
Life Long Learning Platform
Youth Forum
Bundesvereinigung der Deutschen Arbeitgeberverbände
Erasmus Students Network
Unimed
European Olympic Committee
European Council of Young Farmers
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí
Ionadaí ar bith

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara don tuairim a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir don mheasúnú buiséadach go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).

NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Lena mbunaítear an clár Erasmus+ don tréimhse 2028 go 2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888
Tagairtí	COM(2025)0549 – C10-0170/2025 – 2025/0222(COD)
Coiste freagrach/coistí freagracha Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	CULT 23.10.2025
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	EMPL 23.10.2025
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Nela Riehl 9.12.2025
Pléite sa choiste	17.3.2026
Dáta an ghlactha	6.5.2026
Toradh na vótála críochnaithí	+: 41 –: 1 0: 11

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAOCH ROLLA
SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

41	+
ECR	Chiara Gemma, Georgiana Teodorescu
NI	Jan-Peter Warnke
PPE	Maravillas Abadía Jover, Pascal Arimont, Andrzej Buła, David Casa, Salvatore De Meo, Loucas Fourlas, Niels Geuking, Sérgio Humberto, Martine Kemp, Jagna Marczułajtis-Walczak, Dennis Radtke, Liesbet Sommen, Axel Voss, Angelika Winzig
Renew	Grégory Allione, Valérie Devaux, Elisabetta Gualmini, Michael McNamara, Hristo Petrov
S&D	Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Estelle Ceulemans, Johan Danielsson, Isilda Gomes, Alicia Homs Ginel, Marit Maij, Idoia Mendia, Aodhán Ó Ríordáin, Birgit Sippel, Marianne Vind
The Left	Li Andersson, Leila Chaibi, Rudi Kennes, João Oliveira
Verts/ALE	Katrin Langensiepen, Maria Ohisalo, Nela Riehl, Benedetta Scuderi

1	-
PfE	Margarita de la Pisa Carrión

11	0
ECR	Elena Donazzan, Francesco Torselli, Mariateresa Vivaldini, Kosma Złotowski
ESN	Petar Volgin
PPE	Miriam Lexmann, Romana Tomc
PfE	Mélanie Disdier, Angéline Furet, Pál Szekeres, Séverine Werbrouck

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh